

AN GHAEILGE SNA COLÁISTÍ OIDEACHAIS

Tuairisc Taighde don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

le

Niall Ó Murchadha

CLÁR

- Réamhrá
- 1. Téarmaí Tagartha agus Cur Chuige
- 2. Riachtanais Iontrála do Chúrsa Oiliúna mar Bhunmhúinteoir – Córas CAO
- 3. Riachtanais Iontrála do Chúrsa Oiliúna – Comórtas do Scoláirí Lánfhásta
- 4. Ard-Diplóma san Oideachas (Múinteoirí Bunscoile)
- 5. An Ghaeilge i Scrúdú na hArdteistiméireachta
- 6. Múinteoirí a Oileadh Lasmuigh den Stát
- 7. Na Coláistí Oideachais – Cuid I
- 8. Na Coláistí Oideachais – Cuid II
- 9. Tátail agus Moltaí
- Aguisín I
- Liosta na dTáblaí
- Foinsí a Ceadaíodh

RÉAMHRÁ

Le scór bliain anuas tá forás ollmhór tar éis teacht ar líon na nGaelscoileanna ar fud na tíre - bunscoileanna arb í an Ghaeilge an meán teagaisc iontu - agus scoileanna úra á n-oscailt gach uile bhliain, go dtí i mbliana féin. Faraor de bharr athruithe sa daonra i mórán ceantar is é a mhalairt a tharla sna limistéir Ghaeltachta: comhnascadh scoileanna áirithe agus dúnadh scoileanna eile le linn na tréimhse céanna.

Le cois an fhoráis seo ar líon na nGaelscoileanna, de réir mar a bhí na scoileanna sin ag fás go himmheánach, tháinig méadú suntasach ar líon na múinteoirí a bhí agus atá de dhíth orthu.

Ba léir deich mbliana nó mar sin ó shin go raibh Gaelscoileanna mar eagraíocht buartha faoin soláthar múinteoirí agus go háirithe faoi chaighdeán na Gaeilge a bhí ag roinnt mhaith de na hiarratasóirí ar na postanna teagaisc sna Gaelscoileanna. Ní raibh an scéal baileach chomh práinneach sa Ghaeltacht i ngeall ar líon na múinteoirí Gaeltachta a bhí ag lorg fostaíochta ina gceantar dúchais féin. Ach le deireanas tugtar faoi deara a laghad a chuireann isteach ar phostanna áirithe, fiú sa Ghaeltacht.

Is eol go maith go ndearna Gaelscoileanna an-chuid iarrachtaí neacha léinn i gcoláistí oideachais a mhealladh i dtreo na Gaelscolaíochta trí léachtaí a thabhairt agus seifteanna eile. Mar sin féin, níl ag éirí leo de réir cosúlachta líon sásúil dóthaineach de mhúinteoirí atá sách inniúil ar an nGaeilge agus ábhair eile a theagasc trí Ghaeilge, gan trácht ar chor ar bith ar leordhóthain d'ionadaithe oilte a aimsiú. Tá an baol ann go gcuirfear bac ar dhul chun cinn na Gaelscolaíochta ceal múinteoirí feiliúnacha agus go dtarlóidh ísliú caighdeáin sna scoileanna atá bunaithe cheana féin.

I ngeall ar na hiarrachtaí leanúnacha a rinne na heagraíochtaí Gaelscolaíochta agus Gaeltachta agus daoine aonair agus an brú a chuir siad ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, bunaíodh An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta faoi Alt 31 den Acht Oideachais (1998) chun, *inter alia*, comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta maidir le straitéisí a bhfuil de chuspóir leo feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge agus le comhairle a thabhairt don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta i dtaca le nithe a bhaineann le múineadh na Gaeilge, le hoideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge agus riachtanais oideachais daoine a chónaíonn i limistéar na Gaeltachta.

Chuige sin agus eile, thug an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta faoi shraith de thionscadail taighde a choimisiúnú d'fhonn léargas a fháil ar ghnéithe éagsúla den oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta agus ar na heasnaimh agus riachtanais shonracha a bhaineann leis an earnáil.

Iarradh orm taighde a dhéanamh ar an nGaeilge sna Coláistí Oiliúna Oideachais. Bhí gliondar orm tabhairt faoi toisc, tar éis tríocha bliain a bheith caite agam mar phríomhoide gaelscoile agus breis agus deich mbliana roimhe sin i bhfeidhil scoileanna Gaeltachta, mheasas go raibh tuiscint ar leith agam ar an earnáil agus go mór mór ar na fadhbanna a bhain léi. Chomh maith leis sin, mar bhall den eagraíocht Gaelscoileanna, is minic a d'éilíos go hard go ndéanfaí freastal ar na heaspaí atá mar chroílár phlean gníomhaíochta na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta i láthair na huaire.

Ach bhí breall orm ar an gcéad dul síos faoin méid ama ba ghá chun an taighde a chur i gcrích. Níor thuigeas ach oiread castacht an scéil ná laghad na cabhrach a bheadh le fáil ó dhaoine agus institiúidí a mheasas a bheadh ar aon fhocal leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaeltachta agus liom féin faoin tábhacht a bhaineann leis an taighde. Cheapas go mbeimis ag obair as lámha a chéile ar mhaithe le sprioc a bhaint amach a bheadh ag teacht le haidhmeanna oideachasúla gach páirtí.

In ionad an chomhoibrithe a raibh súil agam leis óna páirtithe leasmhara ar cuireadh mar chúram orm mar chuid den taighde a gcabhair a lorg, is amhlaidh gur easpa comhoibrithe a fuair ó roinnt. Ní hamháin sin, ach chomh maith le heolas a cheilt orm a bhí riachtanach chun toradh fiúntach a bheith ar an taighde, ní annamh is go sleamchúiseach a caitheadh le roinnt de mo chuid fiosrúchán agus rinneadh neamhaird go huile agus go hiomlán ar a thuilleadh díobh.

Os ag plé le hoiliúint mhúinteoirí bunscoile atá an taighde, ba chúis iontais dom a laghad eolais ar an iomlán a chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus líon suntasach de na coláistí oiliúna oideachais ar fáil dom go dtí seo. Eascraíonn ceisteanna as an drogall seo maidir leis an gcúis nó na cúiseanna a bhain leis an doicheall agus an rúndacht.

Mar sin féin is ceart dom mo bhuíochas a chur in iúl d'ionadaithe na gcoláistí oideachais agus rannán na Roinne Oideachais agus Eolaíochta a chaith go fáiltiúil liom go pearsanta nuair a chuaigh mé chun cainte leo. Ba ábhar díomá dom i ngeall air sin a laghad eolais a scaoil cuid díobh chugam ina dhiaidh sin.

Táim faoi chomaoin ag Muireann Ní Mhóráin, Príomhfheidhmeannach na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, a bhfuil domhansmaoineamh déanta aici ar ghnéithe uile an oideachais trí mheán na Gaeilge agus a roinn go fáilí fial a cuid guaise liom.

Roinn méid nach beag de mhúinteoirí a bhfuil saineolas acu ar chúrsaí agus scrúduithe meánscoile toradh a gcuid taithí liom nuair a bhíos ag fiosrú caighdeán na Gaeilge sa dara leibhéal. Ní mian leo go luafaí a n-ainmneacha agus buíochas á ghlacadh go poiblí leo.

Ar na daoine a thug cluas le héisteacht agus deis cainte dom nuair a bhíos i mbun fiosrúchán i dtaca leis na cúrsaí sna coláistí oideachais is ceart dom iad seo a leanas a lua san ord inar chasas orthu: Breandán Ó Cróinín, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach; Caoimhe Máirtín, Coláiste Mhuire Marino, Baile Átha Cliath; Joe Labhraí, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste; Máire Uí Mhaicín, Coláiste Eaglais na hÉireann, Baile Átha Cliath; Tomás Ó Ruairc, Coláiste Froebel, Baile Átha Cliath; Breandán Ó Conaire, Coláiste Phádraig, Baile Átha Cliath; Art Ó Súilleabháin, Hibernia College, Baile Átha Cliath agus Caisleán an Bharraigh.

Fuair eas freagraí críochnúla agus go prap nuair a lorgaíos faisnéis ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta ó Paul Hegarty, an Rannán Staidrimh, agus John L. O Sullivan, Rannán na gColáistí. Ar an láimh eile de, is go malltrialach a tháinig aon fhaisnéis a fuair eas ón Rannán Riaracháin Bhunscoile maidir leis na múinteoirí a oileadh thar lear atá ag múineadh i mbunscoileanna an Stáit.

Chun tuairimí agus moltaí údarás agus lucht teagaisc na Gaeilge sna coláistí a lorg maidir le cúrsaí Gaeilge sna coláistí oiliúna réitíos foirm ceistneora a bhain den chuid is mó leis na cúrsaí léinn a raibh mar thús acu na blianta 1999 agus 2001. Tá an chontrárthacht chéanna le sonrú sna freagraí ar na ceistneoirí sin. Mar shampla, cuireadh an ceistneoir ar ais ó Choláiste Ollscoile Naomh Muire Mhuire, Béal Feirste go pras agus ní hamháin go raibh sé comhlánaithe go beacht, cuireadh raidhse d'eolas breise isteach chomh maith. Bhí moill bliana ann ansin go dtí gur tháinig an freagra is deireanaí a fuair eas ar an gceistneoir a cuireadh chuig na coláistí den chéad uair i mí na Nollag 2003. Mheasas go raibh cur i gcéill nó áibhéil maidir lena dtiomantas do chur chun cinn na Gaeilge le sonrú i gcomhrá a bhí agam le hionadaithe coláiste nó dhó. Táim ag fanacht fós le freagra ar bith ó Luimneach. Tá an ceistneoir a bhaineann leis an mbliain 2000 le fáil in Aguisín I.

Ba chóir dom a rá nárbh eol dom nuair a bhí an ceistneoir á chur i dtoll a chéile agam go raibh mórthaighde curtha i gcrích ar an earnáil go gairid roimhe sin a foilsíodh faoin teideal *Preparing Teachers for the 21st Century*. Dá mbeadh an t-eolas sin agam ag an am níor mhiste a rá go mbeadh cruth difriúil ar an gceistneoir a chuireas chuig na coláistí oideachais. Is saothar cumasach é seo a chuireann síos go mion ar réiteach réamhsheirbhíse bhunmhúinteoirí sa Stát seo. Tá cíoradh déanta ar an taighde sin, chomh fada agus a bhaineann sé le cúrsaí Gaeilge sna coláistí, i gCaibidil a Seacht.

Shíleas ansin go mbeadh cuid mhaith den eolas a bhí uaim ar mhaithe leis an taighde le fáil gan stró ar na láithreáin ghréasáin éagsúla ach de réir dealraimh bhíos ag súil leis an iomarca ón bhfoinse sin freisin. Bhí láithreáin eile tríd leibhéil mar shlata tomhais agam, mar shampla, an ceann atá ag Ollscoil na hÉireann Gaillimh. Cé nach bhfuil mórán eolais atá ábhartha chun críche an fhiosrúcháin seo le fáil in aon láithreán de chuid na gcoláistí oideachais, thugas suntas don suíomh tarraingteach atá ag Coláiste Eaglais na hÉireann i gcomórtas le láithreán Choláiste Mhuire Marino a gheall i sé theanga eolas nach bhfuil ach fíorbheagán de le fáil in aon cheann díobh!

Tá cuid de na coláistí le moladh go mór as feabhas na litríochta faisnéise a chuireann siad ar fáil dá gcuid neacha léinn agus don phobal i gcoitinne fiú más i mBéarla amháin a chuirtear an chuid is mó di ar fáil. Thugas suntas ar leith do chríochnúlacht agus méid na faisnéise a chuir Coláiste Phádraig ar fáil dom faoi an-chuid gné d'obair an choláiste sin.

Bhí cuid mhaith taistil agus ama i gceist leis an mbuntaighde de bhrí go bhfuil roinnt de na Coláistí Oideachais suite i bhfad óna chéile agus iad go léir i bhfad ón mbunáit atá agam agus nár éirigh liom riamh, fiú i gcás na gcoláistí atá i mBaile Átha Cliath, cuairt a thabhairt ar níos mó ná ceann amháin in aghaidh an lae. Thriallas ar choláiste amháin faoi dhó. Ba mhar a chéile an scéal i gcás oifigigh na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus i mBaile Átha Luain. Ba chosúil é le bheith ag plé le dhá roinn rialtais ar leith.

Niall Ó Murchadha
An Spidéal
Mí na Nollag 2004

1. TÉARMAÍ TAGARTHA AGUS CUR CHUIGE

1.1 Ginearálta

Chun go bhféadfadh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta tabhairt faoi na gnéithe sin dá cuid feidhmeanna a bhaineann le seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil agus le comhairle a sholáthar maidir leis na straitéisí a bhfuil de chuspóir leo feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge, ba ghá eolas cruinn a bheith ar fáil di faoin gcaighdeán iontrála sa Ghaeilge atá riachtanach sna coláistí oiliúna oideachais/i gcúrsaí ardteastais oideachais sna hollscoileanna agus faoi stádas na Gaeilge sna cúrsaí sin.

Bheartaigh an Chomhairle, dá bhrí sin, comhairleoir a cheapadh le tuairisc taighde a ullmhú a mbeadh na cuspóirí seo a leanas léi:

- (a) Anailís a dhéanamh ar Scrúdú Gaeilge Ardleibhéil na hArdteistiméireachta maidir le:
 - struchtúr an scrúduithe
 - dáileadh marcanna
 - scéimeanna marcála.
- (b) Sainiú a dhéanamh (oiread agus ab fhéidir) ar cad is Grád C3 ann ó thaobh:
 - cumas tuisceana
 - cumas labhartha
 - cumas léamhthuisceana
 - cumas scríofa.
- (c) Sainiú a dhéanamh ar an gcaighdeán/ar an ngrád a mbeifí ag súil a bheith bainte amach ag iarrthóir le dóthain Gaeilge a bheith aige/aici le dul faoi oiliúint mar mhúinteoir Gaeilge.
- (d) Anailís a dhéanamh ar na cláir léinn sna coláistí oideachais maidir le stádas na Gaeilge - am, clár léinn, éigeantacht, cuairt Gaeltachta, measúnú, stádas na scrúduithe, cleachtadh múinteoireachta aitheantas don oideachas trí Ghaeilge maidir le:
 - modhanna múinteoireachta na n-ábhar eile.
 - aitheantas don Ghaeilge in ábhair eile ar nós oideachais speisialta, tacaíocht foghlama agus rí
 - úsáid na Gaeilge sna coláistí mar mheán teagaisc, mar mheán riaracháin agus mar mheán cumarsáide.

- (e) Anailís a dhéanamh ar an nGaeilge sa chúrsa don Ardteastas Oideachais maidir le:
- caighdeán iontrála
 - clár an chúrsa
 - cleachtadh múinteoireachta
 - oideachas trí Ghaeilge.

1.2 Measadh ina dhiaidh sin go raibh na téarmaí tagartha seo thar a bheith leathan do mhiontaighde agus iad dírithe den chuid ba mhó ar anailís a dhéanamh ar chúrsa agus Scrúdú Ardleibhéil na hArdteistiméireachta mar chaighdeán cáiliúcháin agus mar ullmhúchán do na cúrsaí Gaeilge sna coláistí oideachais agus sna hollscoileanna agus nach bhféadfaí a bheith ag súil le toradh an taighde a bheith ar fáil go luath. Ar an ábhar sin cúngaíodh raon an taighde go mór ionas gur bhain na téarmaí tagartha úra go hiomlán beagnach leis an nGaeilge sna coláistí oideachais.

Éilíodh go sonrach go ndéanfaí anailís ar na cláir léinn sna Coláistí Oideachais maidir le:

- stádas na Gaeilge - am, clár léinn, éigeantacht, cuairt Gaeltachta, measúnú, stádas na scrúduithe, cleachtadh múinteoireachta
- aitheantas don oideachas trí Ghaeilge maidir le modhanna múinteoireachta na n-ábhar eile
- aitheantas don Ghaeilge in ábhair eile ar nós oideachais speisialta, tacaíocht foghlama agus rl.
- úsáid na Gaeilge sna coláistí mar mheán teagaisc, mar mheán riaracháin agus mar mheán cumarsáide.

1.3 Le cuspóirí an taighde a bhaint amach beartaíodh go ndéanfaí iniúchadh de réir na gcéimeanna a leanas a thabharfadh aird ní hamháin ar na riachtanais mar a bhí leasaithe ach ar chuid eile de na chéad téarmaí tagartha chomh maith.

- (a) Breathnú i dtús báire ar an nGaeilge san Ardteistiméireacht féachaint cé mhéad neach léinn a thug faoin gcúrsa Ardleibhéil agus an líon a bhain Grád C amach ann le blianta beaga anuas agus, trí mheán staidrimh agus comhráite le saineolaithe sa réimse sin, comórtas a dhéanamh maidir leis an gcaighdeán inniúlachta sa Ghaeilge thar an tréimhse sin. Bheadh an taighde i dtuilleamaí cabhair na Roinne Oideachais agus Eolaíochta chun na staitisticí iomchuí a chur ar fáil.
- (b) Tuairimí ollúna/léachtóirí le Gaeilge sna coláistí iomchuí a lorg i dtaca leis na míreanna taighde atá molta sna Téarmaí Tagartha ag súil le soiléire a chur ar fáil maidir le teagasc, stádas agus dul chun cinn (nó a mhalairt) a tharlaíonn do Ghaeilge na neach léinn sna coláistí oideachais.

Beartaíodh ceistneoir a réiteach agus labhairt go pearsanta le daoine ionadaíocha sna coláiste chun aidhmeanna an taighde a chur in iúl dóibh. Mar a tharla is léachtóirí le Gaeilge a bhí i gceist seachas in aon choláiste amháin.

- (c) Scéal na gcéimithe ollscoile a thugann faoi na cúrsaí giorraithe oiliúna a chíoradh, idir iad siúd a dhéanann a gcúrsaí sna coláistí seanbhunaithe go dtí seo agus sa cheann nua, Hibernia College, a bhí díreach tar éis a fhógairt go raibh sé le cúrsa Ard-Dioplóma san Oideachas a thairiscint do chéimithe. Bheadh cúnaimh na gColáistí Oideachais agus na Roinne Oideachais agus Eolaíochta riachtanach chun teacht ar an eolas seo.
- (d) Iniúchadh a dhéanamh ar líon agus chaighdeán Gaeilge na múinteoirí a oileadh lasmuigh den Stát agus a bhí ag múineadh i mbunscoileanna ag an am nó ar mhian leo post a fháil sa réimse sin. Gan cabhair na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ní fhéadfaí an réimse seo den taighde a dhéanamh go críochnúil.
- (e) Iniúchadh a dhéanamh ar cheisteanna a d'eascródh as an taighde atá luaite thuas nár cuireadh san áireamh nuair a leagadh amach na Téarmaí Tagartha ach a chuirfeadh léargas breise ar fáil.
- (f) Tús a chur leis an obair faoi lár mhí Dheireadh Fómhair agus tuarascáil a sholáthar roimh Nollaig na bliana 2003.

1.4 Laincísí a cuireadh ar an obair thaighde:

Mheas an taighdeoir seo go mba chabhair don taighde dá ndéanfaí suirbhé ar an dearcadh a bhí ag líon ionadaíoch múinteoirí a bhain a gcuid cáilíochtaí mar bhunmhúinteoirí amach le deich mbliana anuas chomh maith le líon réasúnta de neacha léinn atá sna Coláistí faoi láthair agus príomhoidí a bheadh tar éis agallamh a chur ar líon suntasach iarrthóirí ar phostanna i mbunscoileanna.

Ach mheas an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta i ngeall ar an méid taighde a bhí déanta agus beartaithe nach mbeadh glacadh le breis cur isteach ar na daoine a bheadh le cur faoi agallamh.

2. RIACHTANAIS IONTRÁLA DO CHÚRSA OILIÚNA MAR BHUNMHÚINTEOIR – CÓRAS CAO

2.1 Ginearálta

Is iad seo a leanas cuid de na riachtanais iontrála is deireanaí atá leagtha síos agus curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta tríd an gcóras CAO chun cáilíocht a bhaint amach mar bhunmhúinteoir sna Coláistí Oideachais (féach an liosta in alt 5 den roinn seo):

- (a) Is é trí bliana fad an chúrsa agus tá céim Bhaitsiléir san Oideachas mar sprioc leis. Is í an chéim sin an cháilíocht acadúil is lú atá riachtanach chun gairm mar Mhúinteoir Bunscoile a chleachtadh.
- (b) Ní mór d'iarratasóirí a bheith 16 bliana d'aois ar a laghad ar 15 Eanáir den bhliain iontrála chuig Coláiste Oideachais.
- (c) Féadtar suas go dtí deich faoin gcéad de na háiteanna a chur i leataobh le haghaidh iarratasóirí a bhfuil cónaí orthu sa Ghaeltacht a aithnítear go hoifigiúil agus arb í an Ghaeilge a ngnáth-theanga bhaile.
- (d) Chomh maith le Scoláireachtaí Comórtha na Cásca, Scoláireachtaí Gaeltachta Ollscoile agus Scoláireachtaí Gaeilge Tríú Leibhéal a bheith insealbhaithe sna coláistí uile, is féidir Scoláireachtaí Ollscoile na Roinne Oideachais agus Eolaíochta chun cúrsaí céime a dhéanamh trí mheán na Gaeilge a insealbhú i gColáiste Mhuire Marino, amháin.

2.2 Riachtanais Acadúla - na gráid is ísle atá riachtanach

(a) Scrúdú Ardteistiméireachta:

- (i) Grád C3 ar pháipéir Ardleibhéal i dtrí ábhar ar a laghad.
- (ii) Grád D3 i dtrí ábhar eile de réir Rialacha agus Clár do leith Meánscoileanna.

Ábhair Riachtanacha

- (iii) Grád C3 ar pháipéar Ardleibhéal Gaeilge.
- (iv) Grád C3 ar pháipéar Gnáthleibhéal Béarla - nó Grád D3 ar pháipéar Ardleibhéal.
- (v) Grád D3 sa Mhatamaitic (Ardleibhéal nó Gnáthleibhéal).

- (b) Chun críche pointí, áireofar na sé ábhar is fearr ó bhliain amháin de Scrúdú na hArdteistiméireachta de réir chóras an CAO. Cé nach bhfuil sé riachtanach na gráid is ísle atá sonraithe thuas sa Ghaeilge, Béarla agus Matamaitic a fháil sa Scrúdú Teistiméireachta sin, tá sé riachtanach ar a laghad Grád C ar thrí pháipéar Ardleibhéil agus Grád D i dtrí hábhar eile a fháil i suí amháin de scrúdú na hArdteistiméireachta.

2.3 Bunriachtanais acadúla i scrúduithe G.C.S.E agus G.C.E.

A Leibhéal Thuaisceart Éireann le haghaidh iontrála ar an gcúrsa Baitsiléir san Oideachas

- (a) Ní mór sé cinn d'ábhair ó shiollabais N.I.C.C.A. a thairiscint, trí cinn ón siollabas G.C.E. A Leibhéal san áireamh. Ní féidir ábhar a chomhaireamh ach ag leibhéal amháin scrúdaithe.
- (b) Ní ghlactar ach le hábhair a rinneadh d'aon iarracht amháin i scrúduithe G.C.E. A Leibhéal agus G.C.S.E.
- (c) Íosghráid atá riachtanach:
- (i) Gaeilge: Grád C ag A Leibhéal an G.C.E.
 - (ii) Béarla: Grád C ag Leibhéal G.C.S.E. i mBéarla agus i Litríocht an Bhéarla, nó Grád B ag Leibhéal G.C.S.E. i gceachtar den dá ábhar seo.
 - (iii) Matamaitic: Grád D ag Leibhéal G.C.S.E. i Matamaitic Bhreise, nó Grád A ag Leibhéal G.C.S.E. sa Mhatamaitic.
 - (iv) Grád C ag A Leibhéal G.C.E. in dhá ábhar eile.
 - (v) Grád C in ábhar amháin eile ag Leibhéal G.C.S.E.
- (d) Tá ar iarratasóirí riachtanais mháithreánacha na hOllscoile a bhfuil an Coláiste ceangailte léi a shásamh.

2.4 An Próiseas Roghnúcháin

- (a) Chun críche an scór pointí a dhéanamh amach, tiontaítear na gráid a fuarthas sa Scrúdú Ardteistiméireachta nó an Scrúdú G.C.E./A Leibhéal Thuaisceart Éireann de réir scála pointí an Choláiste chuí. (I gcás iarratasóirí ó Thuaisceart Éireann, ní aithnítear ach gráid ag Leibhéal A agus AS chun críche pointí).

- (b) Ní mór d'iarratasóirí a n-éiríonn leo agus a ghlacann áit, dul isteach sa Choláiste ar dháta sonraithe i bhfómhar na bliana sin. I gcúinsí speisialta, agus de réir mar is rogha le húdaráis an Choláiste, féadfar an dáta iontrála a chur siar go ceann tréimhse teoranta.

2.5 Inniúlacht i labhairt na Gaeilge

- (a) Bíonn ar na neacha léinn uile freastal ar chúrsa ar feadh trí seachtain sa Ghaeltacht ag deireadh na chéad bhliana oiliúna.
- (b) Is cuid éigeantach den chúrsa oiliúna an cúrsa Gaeltachta seo.
- (c) Bíonn ar na neacha léinn dul faoi bhéaltriall Ghaeilge ag deireadh na chéad bhliana oiliúna agus bíonn pas sa triail sin riachtanach chun dul ar aghaidh chuig an dara bliain den chúrsa. Neacha léinn a dteipeann orthu sa bhéaltriall Ghaeilge féadtar, más rogha leis an gColáiste é, atriail a cheadú dóibh ag deireadh an chúrsa Gaeltachta.

2.6 Na Coláistí Oideachais aitheanta do bhunmhúinteoirí

Tá sé cinn sa Stát agus ceann i dTuaisceart Éireann ina mbíonn an Ghaeilge ar an gcuraclam.

- (a) Sa Stát

Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann
Baile Átha Cliath

Coláiste Oideachais Froebel
Baile Átha Cliath

Coláiste Mhuire gan Smál
Luimneach

Coláiste Mhuire Marino
Baile Átha Cliath

Coláiste Phádraig
Baile Átha Cliath

Coláiste Hibernia*
Baile Átha Cliath

(b) I dTuaisceart Éireann

Coláiste Ollscoile Naomh Muire
Béal Feirste

* Ní ghlacann ach le céimithe.

2.7 Pointí iontrála CAO ba ghá a ghnóthú sa bhliain 2002

Coláiste	Líon na bPointí
Coláiste Phádraig (Gnáth)*	440
Coláiste Phádraig (Gaeltacht)**	400
Coláiste Mhuire gan Smál (Gnáth)*	440
Coláiste Mhuire gan Smál (Gaeltacht)**	400
Coláiste Froebel (Gnáth)*	430
Coláiste Froebel (Gaeltacht)**	390
Coláiste Mhuire Marino (Gnáth)*	430
Coláiste Mhuire Marino (Gaeltacht)**	385
Coláiste Eaglais na hÉireann (Gnáth)*	385
Coláiste Eaglais na hÉireann (Gaeltacht)**	-

* Iarratasóirí nach ón nGaeltacht iad de ghnáth

** Tá uasmhéid de deich faoin gcéad de na hionaid sna coláistí ar fáil d'iarratasóirí Gaeltachta arb í an Ghaeilge teanga a dteaghláigh.

Feictear go bhféadfadh buntáiste suntasach a bheith ag iarratasóir Gaeltachta i gceithre cinn de na coláistí agus go háirithe i gColáiste Mhuire Marino.

3. RIACHTANAIS IONTRÁLA DO CHÚRSA OILIÚNA – COMÓRTAS DO SCOLÁIRÍ LÁNFHÁSTA

3.1 Ginearálta

- (a) Cuirtear an cúrsa ar fáil sna Coláistí Oideachais
- (b) Cúrsa trí bliana atá i gceist agus céim Bhaitisiléir san Oideachas mar sprioc leis.
- (c) Ní mór d'iarratasóirí gan bheith faoi 23 bliana ar 1 Eanáir na bliana cuí.
- (d) Tá deontas ar fáil ó na húdaráis áitiúla do scoláirí a shásaíonn riachtanais na Scéime Deontas Ardoideachais.
- (e) Tá Scoláireachtaí Comórtha Sheachtain na Cásca, Scoláireachtaí Gaeltachta Ollscoile maraon le Scoláireachtaí Tríú Leibhéal insealbhaithe sna coláistí uile sa Stát. Is féidir Scoláireachtaí Ollscoile na Roinne Oideachais agus Eolaíochta chun cúrsaí céime a dhéanamh trí mheán na Gaeilge a insealbhú i gColáiste Mhuire Marino, amháin.

3.2 Riachtanais acadúla - na gráid is ísle atá riachtanach

Riachtanais Ardteistiméireachta ó 1992 amach:

Tá na riachtanais a bhaineann leis na gráid, leibhéal na bpáipéar agus na hábhair díreach mar a éilítear ar iarratasóirí faoin gcóras CAO.

3.3 Scrúdú Ardteistiméireachta 1969 go 1991:

- (a) Grád C ar pháipéir Ardleibhéal i dtrí ábhar ar a laghad.
- (b) Grád D i dtrí ábhar eile de réir Rialacha agus Clár do leith Meánscoileanna
- (c) Grád C ar pháipéar Ardleibhéal Ghaeilge.
- (d) Grád C ar pháipéar Gnáthleibhéal Bhéarla - nó grád D ar pháipéar Ardleibhéal.
- (e) Grád D sa Mhatamaitic (Ardleibhéal nó Gnáthleibhéal).

3.4 Scrúdú Ardteistiméireachta roimh 1969:

Chun bheith i dteideal cur isteach ar an gcomórtas ní mór d'iarratasóirí a rinne Scrúdú na hArdteistiméireachta roimh 1969 onóracha sa Ghaeilge a bheith acu chomh maith le honóracha sa Scrúdú i gcoitinne. Is gá dóibh marcanna comhionann le Grád C ar pháipéar pas nó Grád D ar pháipéar onóracha a bheith acu sa Bhéarla. Ní mór dóibh pas sa Mhatamaitic a bheith acu freisin.

3.5 Glactar le pas sa Scrúdú Ollscoile Chéad Bhliana Ealaíon sa Ghaeilge, sa Bhéarla nó sa Mhatamaitic in áit an riachtanais ag an Scrúdú Ardteistiméireachta/GCE/GCSE san ábhar ar leith sin.

3.6 Is iad na bunriachtanais acadúla i gcás iarratasóirí a bhfuil an G.C.S.E. agus an G.C.E/A Leibhéal Thuaisceart Éireann acu mar atá i bhfeidhm d'iarratasóirí faoin scéim CAO.

3.8 Is féidir le hiarratasóirí torthaí ó bhlianta éagsúla ag Scrúdú na hArdteistiméireachta a chur le chéile chun críche riachtanais acadúla a shásamh.

3.9 An próiseas roghnúcháin

Déantar an roghnú ar bhonn Agallaimh chomórtais agus Bhéaltriall Ghaeilge i gcás na n-iarratasóirí a bhfuil na riachtanais acadúla is ísle bainte amach acu. Iarratasóirí ar theip orthu san Agallamh ar dhá ócáid roimhe ní ghlactar leo sa chomórtas. Is féidir cuid den agallamh a bheith trí Ghaeilge.

3.10 Cuirtear as an gcomórtas iadsan a dteipeann orthu sa bhéaltriall Ghaeilge nó san Agallamh. Cuirtear iarratasóirí cáilithe in ord fiúntais a chinntear ag an toradh san Agallamh agus an Béaltriall Ghaeilge. Bíonn trí liosta ar leith ord fiúntais - liosta amháin comónta ord fiúntais do Choláiste Phádraig, Coláiste Froebel agus Coláiste Mhuire Marino, liosta eile do Choláiste Mhuire gan Smál agus liosta eile do Choláiste Eaglais na hÉireann. Líonann gach Coláiste a chuid áiteanna ar an ord fiúntais cuí agus roghanna na n-iarratasóirí a n-éiríonn leo. Má bhíonn áiteanna fágtha i gColáiste ar bith tar éis an liosta chéad roghanna a ídiú, is féidir tairiscintí a dhéanamh le hiarratasóirí eile de réir ord fiúntais agus ord a roghanna.

3.11 Inniúlacht i labhairt na Gaeilge

Is mar a chéile na riachtanais a bhaineann leis seo agus na coinníollacha do scoláirí faoin scéim CAO.

4. ARD-DIOPLÓMA SAN OIDEACHAS (MÚINTEOIRÍ BUNSCOILE)

- 4.1** Tá an cháilíocht seo á tairiscint agus an cúrsa á reáchtáil ag cúig cinn de na Coláistí Oideachais, mar atá Coláiste Mhuire gan Smál, Coláiste Mhuire Marino, Coláiste Phádraig, Coláiste Froebel agus Coláiste Hibernia.
- 4.2** Is iad atá incháilithe ná iarratasóirí a bhfuil bunchéim acu ó ollscoil agus cáilíocht/inniúlacht i dteanga na Gaeilge (Grád C3 ar a laghad) ar an bpáipéar Ardleibhéal sa Scrúdú Ardeistiméireachta.
- 4.3** Is í an Roinn Oideachais agus Eolaíochta a cheadaíonn na cúrsaí.
- 4.4** Roghnaítear na hiarratasóirí ar bhonn a gcuid cáilíochtaí agus agallaimh. Cuirtear agallaimh ar siúl le socrú idir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus na Coláistí Oideachais roimh thús gach cúrsa. Cuirtear agallamh i labhairt na Gaeilge ar na hiarratasóirí.
- 4.5** Tá 280 ionad ar fáil i mbliana agus iad roinnte ar na Coláistí Oideachais seanbhunaithe a ghlacann le céimithe. Tá a chóras féin ag Coláiste Hibernia, a ghlac le thart ar 170 céimí (de réir tuairiscí sna nuachtáin) ar an gcéad chúrsa a eagraíodh sa choláiste sin anuraidh. Cuireann na hiarratasóirí isteach ar a rogha Coláiste ar an gcéad dul síos. Leithroinntear ionaid do na hiarratasóirí rathúla de réir a rogha agus infhaighteacht na n-ionad.
- 4.6** De bhrí gur cúrsa staidéir iarchéime é seo, bíonn táillí iníoctha ar an gcúrsa seo. Socraíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta na táillí do gach cúrsa sna Coláistí seanbhunaithe. Socraíonn Coláiste Hibernia a chuid táillí féin.
- 4.7** Bíonn an Ghaeilge mar dhlúthchuid den chúrsa chomh maith le hoideachas agus ábhair ghaolmhara.
- 4.8** Sa bhliain 2003, d'fhógair an tAire Oideachais laghdú ó 460 go 280 ar líon na gcéimithe a bheadh ceadaithe le tosú ar an gcúrsa Ard-Dioplóma san Oideachas i mí Feabhra 2004. 'Tubaiste don Ghaeilge, do scoileanna Gaeltachta is do ghaelscoileanna' a thuairisc an nuachtán Lá maidir le cinneadh gan choinne an Aire laghdú 50% a dhéanamh ar líon na gcéimithe a bheadh ag clárú i gColáiste Mhuire Marino. Is cosúil go raibh baint ag an gcúrsa nua le haghaidh céimithe i gColáiste Hibernia le cinneadh an Aire.

5. AN GHAELGE I SCRÚDÚ NA HARDTEISTIMÉIREACHTA

- 5.1** De bhrí go mbaineann an oiread sin tábhacht leis an nGaeilge mar bhuncháilíocht iontrála sna Coláistí Oideachais, níor mhiste spléachadh a chaitheamh ar an ábhar seo san Ardteistiméireacht os rud é go bhfuil C3 ar a laghad sa scrúdú riachtanach do na hiarratasóirí.
- 5.2** Déanann daltaí scoile an Stáit an scrúdú seo de ghnáth tar éis ocht mbliana a bheith caite sa bhunscoil maraon le cúig nó sé bliana ina dhiaidh sin i meánscoil. Agus le linn na trí/gceithre bliana déag bíonn a bhformhór ag freastal ar ranganna Gaeilge go rialta in aghaidh an lae nó ar feadh cuid mhaith uaireanta sa tseachtain. Tugtar díolúine i gcás na Gaeilge do roinnt daltaí, iad siúd a bhíonn ag freastal ar scoileanna speisialta agus roinnt eile a tógadh lasmuigh den Stát ar feadh tréimhse dá saol.
- 5.3** Ach má bhíonn freastal trí nó ceithre bliana déag déanta ar ranganna Gaeilge sna scoileanna ag tromlach mór na ndaltaí, is ábhar spéise é go léiríonn na figiúirí don bliain 2003 as 59,525 iarrthóir go hiomlán a rinne an Ardteistiméireacht nár thug ach 15,099 (beagán le cois 25% den díorma iomlán) faoin Ardleibhéal sa Ghaeilge i gcomórtas le 32,382 a rinne an tArdleibhéal Béarla Is féidir an líon iomlán a thug faoin nGaeilge in 2003 (Ard, Gnáth agus Bunleibhéal) le chéile nó 49,824 a chur i gcomórtas leis an líon a rinne Béarla an bhliain chéanna, nó 53,465. Cén míniú atá ar an difríocht de beagnach 4,000 duine ach nár bhac na daltaí sin leis an nGaeilge a dhéanamh sa scrúdú?
- 5.4** Seachas an ghnáth-Ardteistiméireacht tá roghanna eile ar fáil ag na daltaí freisin maidir le cáilíocht(aí) fágála meánoideachais, mar atá, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach (LCA) ar thug 3,296 faoi sa bhliain 2003 agus Clár Gairmiúil na hArdteistiméireachta ar chuir 13,959 isteach air an bhliain chéanna.
- 5.5** Céard tá cearr le córas oideachais a mbíonn toradh chomh suarach sin ar theagasc trí/ceithre bliana déag i gcás na Gaeilge de? Déarfadh roinnt múinteoirí meánscoile a bhfuil taithí na mblianta acu go bhfuil caighdeán Gaeilge na bpáistí agus iad ag tosú ar a gcuid meánscolaíochta thar a bheith íseal go rómhínic. D'fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta anuraidh ciorrú ar am na Gaeilge sna bunscoileanna go trí huaire go leith sa tseachtain.
- 5.6** Is é tuairimí roinnt cigirí bunscoile go bhfuil líon nach beag de na bunmhúinteoirí nach bhfuil ach laginniúlacht ar an teanga acu agus chuirfidís-san an milleán ar na Coláistí Oideachais. Is ar na scoileanna a chuireann roinnt léachtóirí sna Coláistí Oideachais an locht toisc nach mbíonn Gaeilge ach ar éigin ag líon suntasach de lucht na chéad bhliana agus go bhfuil siad

amhrasach faoi chaighdeán na Gaeilge a léiríonn na gráid a bhronntar i Scrúdú na hArdteistiméireachta. Tá an lucht léinn ar spéis leo cúrsaí Gaeilge ar aon fhocal go bhfuil caighdeán na teanga i gcoitinne sna scoileanna níos ísle go mór ná mar a bhíodh tamall ó shin. Murach an tréimhse nó na tréimhsí a chaitheann go leor scoláirí i gcoláistí Gaeilge i rith a gcuid laethanta saoire, bheadh an scéal i bhfad Éireann níos measa, a deirtear.

5.7 Mar sin féin, duine nach dtuigeann mórán i dtaca le cúrsaí oideachais in Éirinn d'fhéadfadh sé a cheapadh in ionad meath gur tháinig feabhas mór ar chumas Gaeilge lucht Ardteistiméireachta le blianta beaga anuas dá gcuirfí figiúirí a bhaineann le blianta áirithe deireanacha i gcóimheas le figiúirí blianta eile. Tógaimis an céatadán de na hiarrthóirí a bhain amach Gráid ó C3 go A1 amach i Scrúdú na hArdteistiméireachta anuraidh (2003) agus cuirimis i gcomórtas leis an gcéatadán cuí don bhliain 1993 é.

Sa bhliain 1992 bhain 74.9% de na daltaí go léir a rinne Gaeilge Ardleibhéal san Ardteistiméireacht Grád C3 nó níos airde amach. Deich mbliana ina dhiaidh sin (2002) tá ardú go 83.7% le feiceáil ar líon na ndaltaí a fuair na gráid chéanna. Ísliú sa chaighdeán i gcomórtas le hardú sna gráid ag an am céanna! An aon ionadh é dá bhrí sin dá mbeadh lucht teagaisc na Ghaeilge sna Coláistí Oideachais míshásta i gcoitinne le caighdeán na neacha léinn agus iad ag teacht isteach chucu.

Léiríonn an tábla seo thíos an boilsciú atá tagtha ar na gráid sa Ghaeilge le linn na ndeich mbliana go dtí 2002, an bliain sin san áireamh. Tabharfar faoi deara an méadú suntasach atá tagtha ar líon na ngrád uile ó 1993 ach go háirithe ar líon na nGrád A. Is léir nach bhfuil na torthaí scrúdaithe ag teacht leis an ísliú caighdeáin a thuairiscítear a bheith tagtha go forleathan ar inniúlacht scríofa agus labhartha Gaeilge na ndaltaí ón mbunscoil aníos.

Ar mhaithe le gontacht agus soiléire cuirtear na mionghráid le chéile. Mar shampla ní thugtar ach Grád A, Grád B agus Grád C, in ionad an bhriseadh síos a dhéantar de ghnáth. Tabharfar faoi deara gurb é an Grád A a léiríonn an t-athrú is mó ach nach léir mórán athrú sa Ghrád C. Ar ndoigh dá ndéanfaí a thuilleadh miondealaithe ar na figiúirí bheadh an léargas níos fearr fós.

Tábla 1. Bunaithe ar fhigiúirí a chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar fáil agus a thugann an céatadán de na Gráid éagsúla a bronnadh i Scrúdú na hArdteistiméireachta Gaeilge Ardleibhéal ó 1993 go 2002.

Bliain	% Grád A	% Grád B	% Grád C	% Gráid A-C
1993	3.79	24.30	46.40	74.50
1994	5.20	28.20	42.40	75.90
1995	4.10	27.10	29.00	60.30
1996	5.80	32.40	44.00	82.40
1997	6.90	32.90	40.90	80.80
1998	8.30	33.30	40.80	82.50
1999	7.80	34.80	39.50	82.20
2000	9.00	32.10	39.10	80.30
2001	9.30	31.30	38.30	79.10
2002	11.70	27.70	39.00	83.70

Tá an t-eolas a léirítear sa tábla thuas ag teacht le tuairimí lucht teagaisc agus marcála maidir le caighdeán na Gaeilge sna meánscoileanna agus an chaoi a marcáiltear an t-ábhar san Ardteistiméireacht: marcanna níos mó ar chaighdeán níos ísle.

Tá athruithe bunúsacha ar an Ardteistiméireacht á moladh faoi láthair ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta a chuirfeadh béim ar an bhfoghlaim féindírthe agus ar obair thionscadail. Má chuirtear na hathruithe seo i bhfeidhm beidh an baol ann go ndéanfar laghdú ar am teagaisc na Gaeilge.

6. MÚINTEOIRÍ A OILEADH LASMUIGH DEN STÁT

6.1 Ginearálta

Le hais na múinteoirí a oiltear sna Coláistí Oideachais laistigh den Stát, agus a bhain Grád C3/Onóracha i nGaeilge Ardleibhéal i Scrúdú na hArdteistiméireachta nó Grád C ag A Leibhéal i Scrúdú an G.C.E. nó pas i scrúdú chéad bhliana ollscoile, tá cuid mhaith múinteoirí ag obair i mbunscoileanna an Stáit nár ghnóthaigh aon cheann de na cáilíochtaí sin agus atá ar bheagán nó gan Gaeilge ar bith, cé go n-aithnítear mar bhunoidí cáilithe iad agus go n-íoctar iad dá réir.

Níl mórán sa difríocht idir na coinníollacha aitheantais d'oidí a oileadh i mballstáit eile den Aontas Eorpach agus d'oidí a oileadh lasmuigh den Aontas.

Tá oidí as an-chuid tíortha ar fud an domhain uile fostaithe inár mbunscoileanna agus a bhformhór mór gan aon cháilíocht Ghaeilge bainte amach acu.

Baineann an cur síos a leanas leas as Imlitir 25/00 de chuid Bhunbhrainse na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Baintear úsáid anseo as cló trom chun béim a chur in iúl.

6.2 Aitheantas Sealadach i mBunscoileanna Príomhshrutha

Bronntar aitheantas sealadach ar feadh cúig bliana de ghnáth ar oidí a oileadh i mballstáit eile den Aontas Eorpach a bhfuil a gcuid cáilíochtaí glactha ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ach nach bhfuil an cháilíocht iomchuí sa Ghaeilge bainte amach acu chun múineadh a dhéanamh i **ranganna príomhshrutha** i scoileanna náisiúnta. 'Le linn na tréimhse seo d'aitheantas sealadach, iarrfar ar na hoidí sin iarracht a dhéanamh ar riachtanais na Roinne a shásamh maidir leis an gceanglas a bhaineann leis an teanga Ghaeilge. Ní mór dóibh freisin gealltanais a thabhairt go ndéanfaidh siad freastal, más gá, ar chúrsa oiliúna iomchuí nó ar chúrsa mar ullmhúchán do Scrúdú Cáilíochta sa Ghaeilge.' (Imlitir 25/00)

Is féidir leis an Roinn aitheantas iomlán a bhronnadh ar an mbonn go bhfuil an riachtanais maidir leis an nGaeilge comhlíonta ag an iarratasóir. Baineann an fhoráil seo leis na hoidí a bhain cáilíocht amach mar oide bunscoile i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste tar éis cúrsa Gaeilge Acadúil ceithre bliana a bheith comhlánaithe go rathúil acu. Baineann an fhoráil freisin le hoidí a chomhlánaigh an Teastas Iarchéimí san Oideachas trí mheán na Gaeilge sa choláiste céanna agus a bhfuil riachtanais na Gaeltachta comhlíonta acu.

6.3 Riachtanas maidir leis an nGaeilge

Sula mbronntar aitheantas iomlán chun múineadh a dhéanamh i ranganna príomhshrutha i scoileanna náisiúnta, ní mór d'iarratasóirí an Roinn Oideachais agus Eolaíochta a shásamh go bhfuil siad in ann an Ghaeilge a mhúineadh go héifeachtach agus go bhfuil siad in ann an raon d'ábhair churaclaim bhunscoile a mhúineadh trí mheán na Gaeilge.

Chun na riachtanais maidir leis an nGaeilge a shásamh, ní mór d'iarratasóirí

- (i) pas a fháil sna codanna scríofa, cluaséisteachta agus ó bhéal den Scrúdú Cáilíochta Gaeilge (SCG); agus
- (ii) teistiméireacht a sholáthar go ndearna siad cónaí sa Ghaeltacht fad agus a bhí siad ag freastal ar chúrsa Gaeilge trí seachtaine nó a coibhéis chomhiomlán a bheadh ionann le bloic aonseachtaine nó teaghlaim de bhloic aonseachtaine mar aon le dhá sheachtain. Déanann an Roinn comhréir de na táillí a bheadh caite ag an iarratasóir de bharr freastal ar an gcúrsa sa Ghaeltacht a aisíoc, ach an SCG a bheith slánaithe go rathúil ag an iarratasóir - oiread agus a íoctar le neacha léinn na gColáistí Oideachais.

6.4 Ceapachán do phoist mar oidí buana, sealadacha nó ionadacha

Oidí a bhfuil aitheantas sealadach acu, bíonn siad iontofa le haghaidh ceapacháin mar oidí buana, sealadacha nó ionadacha i scoileanna náisiúnta agus íoctar iad ag an ráta oilte pá.

6.5 Freagracht na scoileanna ina bhfuil oidí nach bhfuil acu ach aitheantas sealadach chun féachaint chuige go múintear an curaclam Gaeilge

Bíonn na scoileanna sin a fhostaíonn oidí nach bhfuil acu ach aitheantas sealadach freagrach as eagar iomchuí a chur i bhfeidhm do theagasc an churaclaim Ghaeilge don rang lena mbaineann an t-oidé um aitheantas sealadach.

6.6 Aitheantas d'oidí a oileadh i stáit lasmuigh den Aontas Eorpach

Chomh fada agus a bhaineann sé le haitheantas chun teagasc i ranganna príomhshrutha i mbunscoileanna agus cúrsaí Gaeilge san áireamh, tá na coinníollacha mórán mar atá siad i gcás oidí a oileadh laistigh den Aontas Eorpach.

6.7 Aitheantas teoranta d'oidí chun múineadh a dhéanamh in aicmí ar leith amháin de scoileanna agus de ranganna speisialta

Tugann aitheantas teoranta intofacht múineadh a dhéanamh in aicmí ar leith de scoileanna speisialta agus in aicmí de ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha **'áit nach riachtanas curaclaim í an Ghaeilge'** (Imlitir 25/00). Tá a leithéid d'oidí i dteideal post a ghlacadh i scoileanna speisialta le haghaidh ciontoirí óga agus i dtionscadail um ógtheagmháil nó i dtionscadail um oideachas speisialta.

Is iad seo a leanas na hoidí atá i dteideal aitheantas teoranta a bhaint amach:

- (a) Oidí a oileadh lasmuigh den Stát ag a bhfuil cáilíocht mar oide bunscoile aitheanta;
- (b) Oidí a bhfuil an cháilíocht Montessori acu de bharr freastal ar chúrsa lánaimseartha trí bliana i gColáiste an Association Montessori Internationale, Baile Átha Cliath; agus
- (c) Oidí ag a bhfuil an Teastas nó an Chéim Náisiúnta sa Léann Daonnachtaí um Oideachas Montessori ó Choláiste Montessori, Dún Laoghaire.

6.8 An scrúdú le haghaidh Cáilíocht sa Ghaeilge (SCG)

- (a) Is é an cuspóir atá leis an SCG ná deis a sholáthar do na hoidí sin a oileadh lasmuigh den Stát an cháilíocht sa Ghaeilge, atá riachtanach le haghaidh aitheantais mar oide i ranganna príomhshrutha de scoileanna náisiúnta, a ghnóthú. Tugtar cead chun dul isteach ar an scrúdú d'iarrthóirí ionchais a bhfuil a gcuid cáilíochtaí teagaisc aitheanta cheana féin ag an Roinn.
- (b) Ó 2005 i leith eagrófar an SCG uair sa bhliain.
- (c) Ceithre mhodúl atá i gceist sa SCG.
 - (i) béalscrúdú
 - (ii) cluastriail
 - (iii) Páipéar 1 (aiste; gramadach; triail tuisceana scríofa)
 - (iv) Páipéar 2 (múineadh na Gaeilge; litríocht; gnéithe cultúrtha)

- (d) 70% de na marcanna an pasmharc don bhéalscrúdú, 40% de na marcanna an pasmharc sa chluastriail agus sa scrúdú scríofa. (D'fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta an laghdú seo ó 50% go 40% níos luaithe i mbliana.) Ní mór do na hiarrthóirí pas a ghnóthú i ngach modúl díobh chun pas a ghnóthú sa scrúdú ar fad.
- (e) Iarrthóirí a n-éiríonn leo pas a ghnóthú i modúl ar bith den scrúdú, bíonn díolúine acu ón modúl sin go ceann 5 bliain ar a mhéad.
- (f) D'fhéadfadh iarrthóirí a bhfuil an Ghaeilge acu sa bhunchéim díolúine a fháil ó Pháipéar 2 sa SCG.
- (g) Ó Aibreán 2005 áireofar cigireacht ar chleachtais ranga agus bailiúcháin cáipéisí an mhúinteora mar chuid den scrúdú.
- (h) Is é Coláiste Mhuire Marino a eagróidh an SCG in Aibreán 2005 i.e. leagan amach agus ceartú na bpáipéar scrúdaithe. Déanfaidh an Coláiste sin soláthar do chúrsaí caighdeánacha a thabharfaidh teagascóirí oilte ag ionaid éagsúla ar fud na tíre chun iarrthóirí a réiteach don SCG. Cuirfear cúrsaí ar fáil ag dhá leibhéal:

Leibhéal 1: Bonnchúrsa

Leibhéal 2: Cúrsa ullmhúcháin don scrúdú.

7. NA COLÁISTÍ OIDEACHAIS – CUID I

Bunaithe ar Thuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Oideachas Réamhsheirbhíse do Bhunmhúinteoirí

7.1 Réamhrá

Sa bhliain 2002, d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta Tuarascáil Ghrúpa Oibre ar Oideachas Réamhsheirbhíse do Bhunmhúinteoirí dar teideal 'Preparing Teachers for the 21st Century'. Is é Aire Oideachais agus Eolaíochta na huaire a chuir an Grúpa Oibre ar bun sa bhliain 1999 chun gach gné den oideachas réamhsheirbhíse do bhunmhúinteoirí a chíoradh agus chun moltaí a chur ar fáil dó.

Mar chuid den dúshlán a chuir athbhreithniú curaclaim 1999 ar mhúinteoirí bhí an bhéim bhreise a chuirfear ar an eolaíocht, na healaíona, na teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus na teangacha mór-roinne (a tugadh isteach sna scoileanna ar bhonn píolótach). Má thugtar teanga mhór-roinne isteach i ngnáthchuracclam na bunscoile, ní hamháin go laghdóidh sé an t-am a bheidh ar fáil do réimsí curaclaim eile, ach rachaidh sé i gcion chomh maith ar an am a bheidh ar fáil do na buntheangacha.

Ar cheann de na téarmaí tagartha a tugadh don ghrúpa oibre bhí scrúdú a dhéanamh ar fhorbairt an bhunoideachais trí mheán na Gaeilge. Bunaíodh foghrúpa ar Theangacha mar cheann de cheithre fhoghrúpa le scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le caighdeán líofachta i nGaeilge i measc múinteoirí ar chríochnú a gcúrsa céime dóibh, a gcumas le múineadh trí Ghaeilge, agus an líon neamhleor múinteoirí a bhí ag tabhairt faoi chleachtadh múinteoireachta i nGaelscoileanna. Rinne an grúpa sin staidéar freisin ar an gclár píolótach i mbunscoileanna faoina múintear teangacha mór-roinne (Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis agus Spáinnis).

7.2 Ullmhúchán Bunmhúinteoirí in Éirinn

Is beag athrú a tháinig ar oiliúint bhunmhúinteoirí le linn na 100 bliain a lean bunú na mór-choláistí sna 1870dí agus 1880dí. Ar na hathruithe a tharla ó na 1960dí i leith, áirítear dúnadh na gcoláistí ullmhúcháin a réitíodh neacha léinn a bhí an-inniúil ar Ghaeilge d'iontráil sna coláistí oiliúna.

In 1974, cuireadh fad leis na cláir oiliúna go dtí trí bliana agus bronnadh an chéim B.Oid. (B.Ed.) ar chéimithe ó 1977 i leith. Rinneadh coláistí aitheanta den Ollscoil Náisiúnta de na trí choláiste mhóra agus rinneadh comhcheangal idir na coláistí beaga agus Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide).

Maidir leis sin deir an Tuarascáil (lch. 17):

“The fact that the colleges did not become fully absorbed into the institutional framework of universities may have had the unanticipated advantage that courses did not become over-theoretical.”

Ina dhiaidh sin rinne Coláiste Mhuire gan Smál comhcheangal le hOllscoil Luimní agus Coláiste Phádraig le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath..

Ar na hathruithe eile a tharla (nach bhfuil luaite sa Tuarascáil) bhí dúnadh Coláiste Dhún Céirigh, ceann de na coláistí móra, agus an cúngú a tháinig i ngach coláiste ar réimse na Gaeilge mar mheán léachtóireachta agus teagaisc. Agus glacadh sna coláistí móra le neacha léinn seachas iad siúd a raibh múinteoireacht bhunscoile mar sprioc acu.

7.3 An Clár B.Oid. sa Stát

I gcás Choláiste Mhuire gan Smál, bronnann Ollscoil Luimní na céimeanna. Bronnann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath na céimeanna i gcás Choláiste Phádraig agus is í Ollscoil Bhaile Átha Cliath a bhronnann na céimeanna sna trí choláiste eile. Tá an-chuid gnéithe i gcomhar ag na cláir atá á dtairiscint ag Coláiste Mhuire gan Smál agus ag Coláiste Phádraig. Agus i ngeall ar a gcuid nasc le hOllscoil Bhaile Átha Cliath, tá an-chuid cosúlachtaí idir struchtúr léinn agus treoshuíomh gairmiúil/praiticiúil na gcoláistí beaga.

7.4 Tábla 2. Íoslíon na bpointí ba ghá le haghaidh iontráil sna coláistí oideachais 1998-1999.

Coláiste	Neacha Léinn as Limistéir Neamhghaeltachta	Neacha Léinn Gaeltachta
Col. Phádraig	470*	430
Col. Mhuire gan Smál	465*	420
Col. Mhuire Marino	460*	420
Col. Froebel	455*	425
Col. Eaglais na hÉireann	400 .	Ní bh.

Níor tairgeadh ionaid do gach neach léinn a raibh na scóir phointí sin acu.

7.5 Fad na gClár Léinn

Is é fad an chúrsa oiliúna B.Oid. i ngach coláiste ná trí bliana. I ndá cheann de na coláistí, is féidir le neach léinn céim onórach a bhaint amach tar éis trí bliana, agus is gnáthchéim a bhronntar sna trí choláiste eile. Is éard is cúis leis sin ná nach mbronnfaidh Ollscoil Bhaile Átha Cliath céim onórach ach amháin tar éis staidéar ceithre bliana.

7.6 Tábla 3. Líon na nUaireanta Léachtóireachta/Teagaisc le linn na dtrí bliana den chúrsa B.Oid.

Coláiste	Uaireanta an chloig
Col. Eaglais na hÉireann	c.1638*
Col. Froebel	c.1722
Col. Phádraig	c.1560
Col. Mhuire Marino	c.1554
Col. Mhuire gan Smál	c.1530

*Ní mór do neacha léinn na chéad bhliana i gColáiste Eaglais na hÉireann freastal ar dhianchúrsa cúig seachtaine i dteanga na Gaeilge le linn Meán Fómhair sula dtosaíonn léachtaí an chéad téarma.

7.7 Ar na toscaí a chuaigh i gcion ar mhachnamh an Ghrúpa Oibre bhí an t-eolas a chuir suirbhé le Caoimhe Máirtín (1999b) ar fáil a léirigh go raibh 83.7% de chéimithe na gcoláistí beaga agus 84.8% de chéimithe na gcoláistí móra sásta lena n-inniúlacht i nGaeilge. Agus é sin d’ainneoin mar a deir an Tuarascáil lch. 49:

“... some graduates are regarded as exhibiting a lack of competence in content areas (e.g. Irish and Science)”.

Bhí na haighneachtaí ó na coláistí uile ar aon fhocal go mba cheart fad na gclár léinn a mhéadú go ceithre bliana i gcás an chlár B.Oid. agus go dhá bhliain i gcás an chlár dioplóma do chéimithe. Ní thabharfaí aon chuid den am breise seo don Ghaeilge.

7.8 Dearcaí Acadúla

Tá ábhar agus struchtúr na gclár léinn go mór faoi anáil ag riachtanais na n-ollscoileanna a bhfuil na coláistí comhcheangailte leo. Ní thairgeann na coláistí beaga réimsí acadúla staidéir go leibhéal na céime ach cuireann a gcuid neach léinn go léir cúrsaí téagartha i gcrích i nGaeilge, Béarla agus Matamaitic. Agus cé go dtugtar aire ar leith d’inniúlacht agus do scileanna cumarsáide i nGaeilge agus i mBéarla sa chlár B.Oid. sna coláistí beaga, ní dhéantar staidéar ar ábhar ar bith go dtí leibhéal na céime ach amháin i gcás Oideachais.

7.9 Tábla 4. An céatadán den am a thugtar d'ábhair acadúla sa chlár B.Oid.

Coláiste & Blianta	Blianta	% den am tugtha	
Coláiste Mhuire gan Smál	1ú	3 ábhar acadúil (Gaeilge san áireamh)	43%*
	2ú & 3ú	1 ábhar acadúil	33%*
Coláiste Phádraig	1ú	2 ábhar acadúil	50%*
	2ú & 3ú	1 ábhar acadúil	40%*

*Mar sin féin, dúirt 60% de na neacha léinn gur chaith siad an chuid ba mhó dá gcuid ama leis na hábhair acadúla (Máirtín, 1999b)

7.10 An Ghaeilge féin

Léiríonn an Grúpa Oibre míshuaimhneas maidir le caighdeán Gaeilge céimithe na gcoláistí oiliúna agus an éifeacht a bhíonn aige sin ar na scoileanna ina múineann siad. Mar sin, tugtar caibidil iomlán don Ghaeilge sa Tuarascáil.

Ba é tuairim an Ghrúpa Oibre gur cheart go mbeadh sé mar bhunchuspóir ag cúrsaí oiliúna múinteoirí ó thaobh na Gaeilge de go mbeadh scileanna inniúlachta teanga den leibhéal is airde ag céimithe agus go mbeadh seilbh acu ar pé eolas ar mhodhanna múinte atá ag teastáil uathu chun teagasc a thabhairt i gcomhthéacs an churaclaim leasaithe.

Is cosúil nach bhfuil na coláistí sásta le caighdeán na Gaeilge i measc neach léinn ar theacht go dtí an coláiste dóibh agus nach bhfuil na scoileanna ná an Roinn Oideachais agus Eolaíochta sásta le caighdeán na neach léinn nuair a fhágann siad an coláiste.

Níl na tuairimí sin, áfach, ag teacht le tuairim chéimithe nua-cháilithe. Ní aontódh céimí ar bith de chuid na gcoláistí beaga nach raibh sé/sí inniúil ar an nGaeilge a theagasc agus ní aontodh ach 8.5% de chéimithe na gcoláistí móra leis. Chomh maith leis sin, ba dhóigh le formhór (52.1%) na gcéimithe ó na coláistí beaga gur tháinig feabhas mór ar a gcuid Gaeilge le linn dóibh a bheith sa choláiste. Ba é 44.7% an figiúr do na coláistí móra. Ba dhóigh le líon nach beag, áfach, nach mar sin a bhí an scéal (32.5%) de chéimithe na gcoláistí beaga agus 41.8% de lucht na gcoláistí móra. Ba mhó ba chosúil go ndéarfadh neacha léinn a rinne staidéar ar an nGaeilge acadúil ná neacha léinn a rinne staidéar ar an nGaeilge ghairmiúil gur tháinig feabhas ar a gcuid Gaeilge (Máirtín, 1999b).

7.11 Socruithe speisialta le haghaidh iarrthóirí Gaeltachta

Is féidir 10% de na háiteanna ar an gcúrsa B.Oid. sna coláistí a chur in áirithe d'iarrthóirí Gaeltachta, i. iarrthóirí a bhfuil cónaí orthu in áit a bhfuil aithint oifigiúil aici mar Ghaeltacht agus arb í an Ghaeilge gnáththeanga a dteaghlach. Cé gur ceapadh an rialachán chun múinteoirí a bhfuil ard-leibhéal inniúlachta sa Ghaeilge acu a chur ar fáil don chóras oideachais i gcoitinne, tá feidhm ar leith leis maidir le scoileanna sa Ghaeltacht agus le Gaelscoileanna.

Ba chás leis an nGrúpa Oibre nach ionann a thuilleadh an Ghaeltacht oifigiúil agus na limistéir a bhfuil an Ghaeilge mar theanga pobail iontu, agus go bhfuiltear ag glacadh le neacha léinn laistigh den 'chion-chóras' ó limistéir arb é an Béarla an ghnáth-theanga caidrimh iontu. Chuir an Grúpa san áireamh chomh maith go ngnóthaíonn neacha léinn a nglactar leo faoin gcóras scór de idir 30 agus 45 pointe níos lú ná neacha léinn a nglactar leo de thoradh an chomórtais oscailte agus nár éirigh ach go lag le cuid de na neacha léinn i gcúrsaí staidéir. Tá líon na neach léinn a fhaigheann áit faoin gcion-chóras Gaeltachta an-bheag, cé go n-éiríonn le roinnt neach léinn Gaeltachta dul isteach sna coláistí faoi na gnáthchritéir.

7.12 Cúrsaí Gaeltachta

Is mó an líon uaireanta an chloig teagmhála ar an gcúrsa Gaeltachta (90 uair) ná an líon uaireanta ar an gcúrsa proifisiúnta Gaeilge don bhliain acadúil sna coláistí móra.

Pléadh ceisteanna mar gheall ar an mbuntáiste a bhaineann neacha léinn as an seal a chaitheann siad sa Ghaeltacht., Is cosúil gur cuireadh na cúrsaí ar a bhfreastalaíonn siad le chéile do neacha léinn níos óige agus ní fheictear do na hábhair mhúinteoirí go bhfuil gaol idir na cúrsaí agus riachtanais oideachais réamhsheirbhíse múinteoirí. Dá bhrí sin is leasc le roinnt mhaith díobh tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht agus ní dóigh leo go dtagann feabhas ar a gcuid Gaeilge le linn dóibh a bheith ann.

Tá na coláistí Gaeltachta, ar a son féin, tar éis ceisteanna a ardú leis na coláistí oideachais maidir le freagracht neach léinn, maidir lena bhfreastal ar ranganna agus maidir le héilimh mhíchuibheasacha atá á ndéanamh ar na coláistí Gaeltachta ag na coláistí oideachais. Fadhbanna eile a bhaineann leis na cúrsaí ná oiriúnacht dhátaí na gcúrsaí, gan dóthain múinteoirí a bheith ar fáil agus monatóireacht.

7.13 Aighneachtaí ó na coláistí oideachais agus ón bpobal

Coláiste Mhuire Marino: Léirítear míshástacht le caighdeán Gaeilge na gcéimithe agus an tuairim nach gcuireann cuid mhaith de na neacha léinn feabhas ar a gcuid Gaeilge le linn dóibh a bheith sa choláiste.

Coláiste Mhuire gan Smál: Is gá breis ama agus acmhainní a chur ar fáil chun caighdeán na Gaeilge i measc ábhar múinteoirí a fheabhsú.

Coláiste Eaglais na hÉireann: Ba cheart go mbeadh gach neach léinn inniúil ar theagasc a thabhairt trí Ghaeilge.

Coláiste Froebel: Cuireadh ceist maidir le cumas na gcoláistí na modhanna nua atá i gceist sa churaclam leasaithe don bhunscoil i láthair na gcaighdeán iontrála atá ag na neacha léinn chun dóthain oiliúna a chur ar na neacha léinn chun a gcuid oibre i leith múineadh na Gaeilge a dhéanamh mar ba chóir.

Coláiste Phádraig: Chun feabhas a chur ar chaighdeán na Gaeilge, mhol an coláiste úsáid níos mó a bhaint as buíonta beaga i gcomhair teagaisc, cúrsaí áirithe Oideachais a theagasc trí Ghaeilge agus úsáid níos mó a bhaint as Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta i gcomhair cleachtadh múinteoireachta.

Aighneachtaí pobail: Moladh an caighdeán iontrála i nGaeilge san Ardteistiméireacht a ardú ó ghrád C3 go dtí B3, an cúrsa gairmiúil a leasú, dianchúrsa a chur ar fáil do na neacha léinn ag tús gach bliana acadúla, agus rí.

7.14 Moltaí an Ghrúpa Oibre

Bhí an Grúpa den tuairim nár leor na socruithe a bhí i bhfeidhm ag an am sna coláistí chun dhá aidhm a bhaint amach: feabhas a chur ar scileanna cumarsáide Gaeilge na neach léinn agus dóthain oiliúna a thabhairt do na neacha léinn sna scileanna atá ag teastáil uathu chun Gaeilge a mhúineadh sa bhunscoil, bíodh an Ghaeilge mar chéad nó mar dara teanga inti. Chun an dá aidhm a bhaint amach mhol an Grúpa Oibre mar seo a leanas:

- Na cúrsaí gairmiúla Gaeilge a leasú chun go mbeadh siad dírithe ar chumas cumarsáideach na neach léinn agus ar a gcumas chun Gaeilge a theagasc;
- Ba cheart go mbeadh Rannóga Oideachais na gcoláistí freagrach as na cúrsaí.
- Na cúrsaí leasaithe a bheith éigeantach do gach neach léinn i ngach coláiste, ach sa chás go bhfuil fianaise ar fáil go bhfuil an leibhéal inniúlachta atá riachtanach ag an neach léinn.

- Ba cheart go dtabharfadh na cúrsaí aire do na dála ar leith a bhaineann le teagasc i nGaelscoileanna (trí mheán an dara teanga) agus i scoileanna Gaeltachta.
- Is gá obair a dhéanamh i mbuíonta beaga, seimineáir agus rl. san áireamh.
- Níor cheart nach mbeadh ag múineadh na gcúrsaí gairmiúla ach teagascóirí páirtaimseartha nach mbíonn baint ar bith acu leis na neacha léinn nó le hobair na gcoláistí
- Ba cheart go ndéanfaí athstruchtúrú ar na cúrsaí a reachtáltar sna Gaeltachtaí agus iad a chur in oiriúint níos mó do riachtanais oideachais réamhsheirbhíse múinteoirí.
- Níor mhór athbhreithniú a dhéanamh ar na córais mheasúnachta atá i bhfeidhm sna coláistí chun a chinntiú nach mbronntar cáilíocht ag deireadh an chúrsa B.Oid. nó an chúrsa do chéimithe ar neacha léinn nach n-éiríonn leo caighdeán sásúil i nGaeilge a bhaint amach. Ba cheart go dtabharfaí áit lárnach don ghné seo i gcúrsaí measúnachta.
- Cúrsa roghnach ar theagasc i nGaelscoileanna agus i scoileanna Gaeltachta a thairiscint.
- Is féidir chomh maith feabhas a chur ar inniúlacht Gaeilge na neach léinn lasmuigh den seomra ranga trí atmasféar dátheangach a chothú agus an Ghaeilge a úsáid ar ócáidí oifigiúla chomh maith le socrúithe a dhéanamh i gcomhair gníomhaíochtaí nach cuid den churaclam iad a chur ar siúl trí Ghaeilge.
- Ionaid a bhunú sa Ghaeltacht ina dtabharfaí cuid d'oiliúint na gcoláistí.

8. NA COLÁISTÍ OIDEACHAIS – CUID II

Bunaithe ar thoradh ceistneora a cuireadh chuig na coláistí oideachais agus ar láithreáin gréasáin na gcoláistí

8.1 Réamhrá

Is é a bhí mar aidhm leis an gcuid seo den taighde ná iarracht a dhéanamh eolas a aimsiú dá mb'fhéidir maidir le caighdeán Gaeilge na neach léinn agus iad ag cur tús lena gcúrsaí staidéir sna coláistí oideachais sna blianta 1999 agus 2000 agus féachaint cad a rinneadh sna coláistí sin chun feabhas a chur ar chaighdeán Gaeilge na neach léinn. Chuige sin réitíodh foirm ceistneora (féach Aguisín I) agus iarradh ar ionadaithe na gcoláistí oideachais an oiread den cheistneoir a chomhlánú agus a bhí ar a gcumas.

8.2 Faoi **Mhír A** (Iontráil) cuireadh ceisteanna maidir le cúrsaí iontrála mar seo a leanas:

(a) Ón Ardteistiméireacht

- (i)** Cé mhéad neach léinn a glacadh?
- (ii)** Na gráid i nGaeilge a fuair siad?

(b) Neacha Léinn Aibí

- (i)** Cé mhéad díobh a glacadh?
- (ii)** Na gráid i nGaeilge a fuair said san Ardteistiméireacht?

(c) Céimithe

- (i)** An líon a glacadh?
- (ii)** Na gráid a fuair siad san Ardteistiméireacht?

Fuarthas freagraí cuimsitheacha ar na ceisteanna sin ó na coláistí oideachais seo a leanas:

Coláiste Eaglais na hÉireann

Coláiste Froebel

Coláiste Phádraig agus ó

Choláiste Ollscoile Naomh Muire don bhliain 1998, cé nár fheil cuid de na ceisteanna do na cúinsí ar leith a bhaineann leis an gcoláiste sin ná go deimhin le coláiste ar bith eile.

Tugann **Táblaí 5** agus **6** achoimre ar an eolas a soláthraíodh. Tugtar líon na ngrád éagsúla i nGaeilge mar chéatadán de líon iomlán na neach léinn a glacadh sa dá bhliain atá i gceist.

(a) Iontráil dhíreach ón Ardteistiméireacht

Tábla 5. Líon na neach léinn Ardteistiméireachta a glacadh in 1999

Coláiste	Bliain
Coláiste Eaglais na hÉireann	29
Coláiste Froebel	53
Coláiste Phádraig	403

Tábla 6. Líon na ngrád i nGaeilge a fuair na neacha léinn sin san Ardteist mar chéatadán den líon iomlán a glacadh sa bhliain 1999

Coláiste	C3-C1	B3-B1	A3-A1
Coláiste Eaglais na hÉireann	55.1	44.8	
Coláiste Froebel	41.5	58.4	
Coláiste Phádraig	13.3	63.0	16.1

(b) Iontráil Neach Léinn Aibí

**Tábla 7. (i) Líon na neach léinn aibí a glacadh
(ii) Líon na ngrád i nGaeilge a fuair siad**

Coláiste*	Líon a glacadh	C3-C1	B3-B1	A3-A1
Coláiste Froebel	5	80.0	20.0	
Coláiste Phádraig	30	70.0	23.3	6.6

* Ní ghlacann Coláiste Eaglais na hÉireann le Neacha Léinn Aibí.

(c) Céimithe

Tábla 8. (i) Líon na gcéimithe a glacadh in 1999
(ii) Líon na ngrád i nGaeilge a fuair siad san Ardteistiméireacht mar chéatadán den líon iomlán a glacadh in 1999

Coláiste	Líon a glacadh	C3-C1	B3-B1	A3-A1
Coláiste Eaglais na hÉireann	*	*	*	*
Coláiste Froebel	60	53.3	40.0	3.3
Coláiste Phádraig	103**	49.5	38.8	6.7

* Ní ghlacann Coláiste Eaglais na hÉireann le Céimithe.

** Fuair 5 grád D.

Maidir le Coláiste Ollscoile Naomh Muire, is é 14 iontráil neach léinn na bliana 1998 ón Ardteist/A Leibhéal agus is é B2 san Ardteistiméireacht agus C san A Leibhéal an marc ba ísle a glacadh isteach.

Glacadh le 16 céimí agus an Ghaeilge mar ábhar céime acu uile.

Nóta: Bronnadh creidiúnú Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais ar Choláiste Hibernia sa bhliain 2003 agus glacadh leis an gcéad díorma neach léinn an bhliain chéanna. Ní ghlacann an coláiste ach le céimithe. Ní léir cén t-uaslíon céimithe, más ánn dó, a cheadaíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta don choláiste seo.

8.3 An Ghaeilge mar ábhar acadúil

Déantar Gaeilge acadúil ón Ardteistiméireacht sna coláistí seo a leanas amháin:

Coláiste Mhuire gan Smál
Coláiste Ollscoile Naomh Muire
Coláiste Phádraig

I gColáiste Mhuire gan Smál, déanann na neacha léinn uile ón Ardteist Gaeilge acadúil sa chéad bhliain agus is féidir leo í a roghnú mar ábhar céime sa dara agus sa tríú bliain freisin. I gColáiste Ollscoile Naomh Muire, déanann na neacha léinn uile ón Ardteist/A Leibhéal Gaeilge Acadúil ar feadh a gcúrsa oiliúna go léir. I gColáiste Phádraig, is féidir leis na neacha léinn an Ghaeilge a roghnú mar ábhar acadúil i ngach bliain den chúrsa oiliúna ach níl sí éigeantach in aon bhliain.

Bíonn na buntáistí seo ag neacha léinn a roghnaíonn Gaeilge acadúil go dtí leibhéal na céime go gcinntítear teagmháil dhocht leis an teanga ar feadh a gcúrsa oiliúna go léir.

Níl an t-eolas atá againn sách iomlán le gur féidir linn a rá cén céatadán de líon iomlán na neach léinn a glacadh isteach ón Ardteistiméireacht a rinne an Ghaeilge mar ábhar céime sna coláistí seo ach amháin i gcás Choláiste Ollscoile Naomh Muire, áit a ndearna gach duine den lucht iontrála Gaeilge acadúil.

8.4 An Ghaeilge mar ábhar gairmiúil/feidhmeach

Déantar an Ghaeilge mar ábhar feidhmeach ar feadh trí bliana an chúrsa sna coláistí seo a leanas:

Coláiste Eaglais na hÉireann
Coláiste Froebel
Coláiste Mhuire Marino

Mura ndéanann na neacha léinn an Ghaeilge mar ábhar acadúil déanann siad í mar ábhar feidhmeach ar feadh dhá bhliain dá gcúrsa oiliúna i gColáiste Phádraig agus ar feadh bliana i gColáiste Mhuire gan Smál, áit a ndéanann gach neach léinn Gaeilge acadúil sa chéad bhliain.

Dealraíonn sé go bhfuil aidhm na gcúrsaí sa Ghaeilge fheidhmeach/ghairmiúil sna coláistí a chuir eolas ar fáil dúinn faoin scéal áirithe seo, i. Coláiste Eaglais na hÉireann agus Coláiste Froebel, níos uailmhianaí ná an aidhm a bhaineann leis an gcúrsa sa Ghaeilge ghairmiúil i gColáiste Phádraig cé nach dtugtar níos ama don ábhar sa chéad dá choláiste.

Is ábhar suntais é a laghad neach léinn a dteipeann orthu sa Ghaeilge ar an iomlán.

8.5 Am a chaitear le léachtaí móide ranganna Gaeilge labhartha in aghaidh na bliana:

Tábla 8. Líon na n-uaireanta a thugtar do Ghaeilge Acadúil

Coláiste	1ú Bliain	2ú Bliain	3ú Bliain	Iomlán
Coláiste Mhuire gan Smál	EE*	EE	EE	EE
Coláiste Ollscoile Naomh Muire	120	120	120	480**
Coláiste Phádraig	94	118	109	321

* Seasann EE do easpa eolais; eolas nár cuireadh ar fáil.

**Cúrsa ceithre bliana atá sa choláiste seo.

Tábla 9. Líon na n-uaireanta a tugadh do Ghaeilge Ghairmiúil - cúrsa dár tús 2000

Coláiste	1ú bliain	2ú bliain	3ú bliain	Iomlán don chúrsa oiliúna
Col. Eaglais na hÉireann*	EE	EE	EE	EE
Col. Froebel	43	21	21	85
Col. Mhuire gan Smál	EE	EE	EE	EE
Col. Mhuire Marino	EE	EE	EE	EE
Col. Phádraig	**		44	138**

Eagraíonn Coláiste Eaglais na hÉireann réamhchúrsa/cúrsa réitigh Gaeilge freisin.

** Déanann gach neach léinn 94 uair Gaeilge acadúil sa chéad bhliain.

Tábla 10. Cúrsa na gCéimithe: líon na n-uaireanta a thugtar do léachtaí agus ranganna labhartha

Coláiste	Líon na n-uaireanta
Col. Froebel	100
Col. Mhuire gan Smál	EE
Col. Mhuire Marino	EE
Col. Phádraig	78
Col. Hibernia	50

8.6 Tábla 11. Tréimhse/í sa Ghaeltacht: fad na tréimhse agus an bhliain/na blianta.

Coláiste	Tréimhse
Col. Eaglais na hÉireann	3-7 seachtain
Col. Froebel	Dhá choicís nó 3 seachtain; deireadh na chéad bhliana nó deireadh an dara bliain
Col. Hibernia	3 seachtain i rith an chúrsa
Col. Mhuire gan Smál	EE
Col. Mhuire Marino	3 seachtain ag deireadh na chéad bhliana
Col. Ollscoile Naomh Muire	Dhá chúrsa, 3 seachtain an ceann
Col. Phádraig	3 seachtain ag deireadh na chéad bhliana

Tábla 12. An cineál maoirseachta a dhéanann an coláiste oideachais ar an gcúrsa Gaeltachta

Coláiste	Cineál maoirseachta
Col. Eaglais na hÉireann	Eagraithe ag an gcoláiste; cuairteanna ó bhaill Roinn na Gaeilge
Col. Froebel	Cuirtear tuairisc chuig an gcoláiste ó na coláistí Gaeilge ar gach neach léinn
Col. Hibernia	Eagraithe ag an gcoláiste
Col. Mhuire gan Smál	EE
Col. Mhuire Marino	Eagraithe ag coláistí Gaeltachta; cuairteanna oifigiúla ar na neacha léinn i rith an chúrsa
Col. Ollscoile Naomh Muire	Cuairteanna tríd an gcúrsa agus tuairisc scríofa ón gcoláiste Gaeltachta ag an deireadh
Col. Phádraig	Eagraithe ag an gcoláiste

8.7 Tuairimí lucht teagaisc na gcoláistí maidir le hoiriúnacht na buncháilíochta Gaeilge (C3) mar bhunús do na cúrsaí Gaeilge

Tábla 13. Freagraí ar na ceisteanna: An leor mar bhuncháilíocht sa Ghaeilge é grád C3? agus Cén t-íosghrád a mholfa?

Coláiste	C3 mar bhuncháilíocht	An t-íosghrád molta
Col. Eaglais na hÉireann	Ní leor	B'fhearr nach mbeadh sé chomh híseal le C3
Col. Froebel	Is leor	Ba choir an cúrsa a leasú seachas an grad
Col. Hibernia	Ní leor	C1
Col. Mhuire gan Smál	EE	EE
Col. Mhuire Marino	Ní leor	B3
Col. Ollscoile Naomh Muire	Ní leor	B2/B3
Col. Phádraig	Ní leor	B3

8.8 Mar fhreagraí ar an gceist ‘Cad iad na deacrachtaí is mó a bhíonn ag na neacha léinn agus iad ag plé leis na cúrsaí Gaeilge sa choláiste?’ fuarthas na tuairimí seo a leanas:

- cruinneas foghraíochta agus cruinneas gramadaí
- deacrachtaí tuisceana sa chéad téarma toisc nach mbíonn taithí acu ar Ghaeilge a bheith á múineadh trí Ghaeilge
- bacanna líofachta
- cúrsaí cruinnis; bunphointí gramadaí
- cruinneas Gaeilge
- easpa cruinnis agus easpa líofachta
- iad iontach líofa agus muiníneach ach gan smacht gramadaí
- easpa taithí ar léamh na Gaeilge; easpa muiníne as a gcumas féin

8.9 Agallamh a bheith mar chuid den phróiseas iontrála

Tábla 14. Freagra ar an gceist ‘An molfá go mbeadh agallamh mar chuid den phróiseas iontrála mar a bhíonn ag na Céimithe

Coláiste	Agallamh
Col. Eaglais na hÉireann	Cuirtear agallamh cheana féin
Col. Froebel	Mholfadh
Col. Hibernia	Céimithe amháin a ghactar
Col. Mhuire gan Smál	EE
Col. Mhuire Marino	Mholfadh
Col. Ollscoile Naomh Mhuire	Cuirtear agallamh cheana féin
Col. Phádraig	Mholfadh

8.10 An Ghaeilge i réimsí eile de chuid na gcoláistí (i. seachas i gcúrsaí teagaisc na Gaeilge)

Tábla 15. Na hábhair nó cuid/codanna d’ábhair a mhúintear trí Ghaeilge

Coláiste	Ábhair
Col. Eaglais na hÉireann	Modúl Gaelscoileanna sa dara bliain
Col. Froebel	Tada
Col. Hibernia	Tada
Col. Mhuire gan Smál	EE
Col. Mhuire Marino	Múineadh na Gaeilge
Col. Ollscoile Naomh Muire	Cuid den chúrsa oideachais; an chuid is mó de staidéar curaclaim (leo siúd a roghnaíonn an Ghaelscolaíocht)
Col. Phádraig	Teagasc na Gaeilge

8.11 Gaeilge i gcúrsaí riaracháin agus mar mheán cumarsáide

Tábla 16. (a) An méid úsáide a bhaintear as an nGaeilge i gcúrsaí riaracháin.

(b) An úsáid a bhaintear as an nGaeilge mar mheán cumarsáide

Coláiste	(a) Cúrsaí riaracháin (b) Meán cumarsáide
Col. Eaglais na hÉireann	(a) Roinn na Gaeilge móide cleachtadh múinteoireachta; ócáidí éagsúla ar nós bronnadh céimeanna (b) Seirbhís sheachtainiúil eaglasta
Col. Froebel	(a) Beagán (b) Le Roinn na Gaeilge
Col. Hibernia	(a) EE (b) EE
Col. Mhuire gan Smál	(a) EE (b) EE
Col. Mhuire Marino	(a) Tá polasaí ag an gcoláiste Gaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir (b) Forleathan i measc na léachtóirí go léir, ag fostaithe eile sa choláiste agus idir léachtóirí agus na neacha léinn
Col. Ollscoile Naomh Muire	(a) Le baill foirne na Roinne (b) Le baill foirne na Roinne
Col. Phádraig	(a) EE (b) EE

8.12 Tumoideachas agus cleachtadh múinteoireachta trí Ghaeilge

Tábla 17. (a) An gcuirtear oiliúint sa tumoideachas Gaeilge?
(b) An céatadán de na neacha léinn a rinne a gcuid cleachtadh múinteoireachta i scoileanna lánGhaeilge?

Coláiste	(a) Tumoideachas (b) Cleachtadh i scoil lánGhaeilge
Col. Eaglais na hÉireann	(a) Mar chuid den chúrsa ar mhodhanna múinte (b) Faoi bhun 1%
Col. Froebel	(a) EE (b) EE
Col. Hibernia	(a) EE (b) EE
Col. Mhuire gan Smál	(a) EE (b) EE
Col. Mhuire Marino	(a) Ní chuirtear (b) 10%
Col. Ollscoile Naomh Muire	(a) Cuirtear (b) c.75%
Col. Phádraig	(a) EE (b) 1999-2000 15 neach léinn; 2001-2002 70 neach léinn

8.13 An léargas a thugann láithreáin gréasáin na gcoláistí ar ionad na Gaeilge i gcúrsaí léinn agus imeachtaí eile sna coláistí éagsúla

Coláiste Hibernia: Seachas ainmneacha na léachtóirí le Gaeilge agus cúpla focal faoina gcuid cáilíochtaí, ní bhaintear aon úsáid as an nGaeilge ar an láithreán. Déantar cur síos go mion ar an gcaoi a mbainfear úsáid as teicneolaíocht na faisnéise agus as an gcóras teagascóireachta chun teagasc an chúrsa a sheachadadh. Agus is cosúil gur trí mheán na teicneolaíochta agus na dteagascóirí is mó a dhéanfaidh na neacha léinn teagmháil leis an teagasc a chuirfear ar fáil dóibh. Ní thugtar ainmneacha na dteagascóirí seo, a chuirfidh neacha léinn faoi bhráid “academic counsellors where appropriate”. Ar chúraimí eile na dteagascóirí luaitear na dualgais seo a leanas:

- To provide structural synchronous and asynchronous tuition
- To be available for communication through all available communication media
- To help students to become effective online learners

Coláiste Phádraig: Tugtar achoimre gearr i nGaeilge ar an gcúrsa don chéim B.Oid. sa chéad alt ar an láithreán. Le haghaidh “Gaeltacht candidates only” cuirtear in iúl:

In the case of school leavers, up to 10% of places overall may be reserved for applicants from the Gaeltacht, i.e. applicants who reside in the officially designated Gaeltacht and the normal language of whose home is Irish (Department of Education and Science). An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta determines eligibility for this category. Intending applicants are advised to check their eligibility with An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.”

Tá raidhse eolais le fáil faoi chúrsaí agus imeachtaí an choláiste sna leabhráin éagsúla a eisiúnn an coláiste. I *Leabhrán Eolais na Mac Léinn*, is iad na ceannteidil amháin atá i nGaeilge. Is leabhrán dátheangach é an ceann a bhaineann leis an gcéim M.Oid. Agus ní mórán Gaeilge atá le feiceáil sna leabhráin eile.

Coláiste Mhuire gan Smál: Seachas beagán faoin nGaeilge féin, is i mBéarla ar fad atá eolaire an choláiste cés moite den leagan Gaeilge de theidil na gcúrsaí atá á dtairiscint. Maidir leis an nGaeilge deirtear go bhfuil “cáil na Gaeilge ar Choláiste Mhuire gan Smál agus is cuid de shaol laethúil an choláiste í ar an taobh acadúil agus ar an taobh sóisialta de. Tacaíonn polasaí dátheangach an choláiste le deiseanna a chothú chun leas a bhaint as an nGaeilge mar ghnáththeanga chumarsáide i measc phobal an choláiste”.

Coláiste Mhuire Marino: Is é an locht is mó atá ar an láithreán ná a laghad. Cuireann Uachtarán an Choláiste fáilte i nGaeilge go Coláiste Mhuire Marino agus cuirtear in iúl air go gcuirtear “béim ar an nGaeilge mar theanga chumarsáide sa Choláiste agus mar mheán foghlama agus teagaisc”. Is i nGaeilge ar fad beagnach a thugtar an t-eolas faoin Scrúdú Cáilíochta sa Ghaeilge.

Coláiste Eaglais na hÉireann: Níl Gaeilge ar bith ar an láithreán seo.

Coláiste Ollscoile Naomh Muire: Tá roinnt Gaeilge le léamh ar an láithreán maidir leis an nGaeilge féin agus le réimse na Gaelscolaíochta. Agus is i mBéarla ar fad atá an cur síos ar Staidéar Ceilteach. Deirtear gurb “í forbairt na Gaelscolaíochta an ghné is úire i saol na Gaeilge sa taobh seo tíre agus tá Coláiste Mhuire ag féachaint chuige go ndéanfar freastal cuí ar riachtanais na Gaelscolaíochta”.

Coláiste Froebel: Is i mBéarla amháin a dhéantar an cur síos go léir ar an láithreán seo.

9. TÁTAIL AGUS MOLTAÍ

9.1 Aithnítear go forleathan anois go bhfuil géarchéim sa chóras bunscolaíochta i dtaca le caighdeán Gaeilge líon suntasach de mhúinteoirí atá fostaithe sna bunscoileanna. Admhaíonn na coláistí oideachais agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus neart príomhoidí agus tuismitheoirí bunscoile ar fud na tíre an cruachás agus táid ar aon fhocal faoin ngá le beart cinnte práinneach a dhéanamh chun an fhadhb a réiteach.

Ach cé gur cás le lucht teagaisc na Gaeilge sna coláistí oideachais agus leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an easpa inniúlachta sa Ghaeilge atá ag anchuid de na céimithe nua, ní mar sin a fheictear an scéal ar chor ar bith d'anchuid céimithe nuacháilithe. Ní aontodh céimí ar bith de chuid na gcoláistí beaga ar dearnadh suirbhé orthu nach raibh sé/sí inniúil ar an nGaeilge a theagasc agus ní aontódh 85% de chéimithe na gcoláistí móra leis.

Os a choinne sin, d'ainneoin go gcáineann na coláistí leibhéil ísle Ghaeilge roinnt mhaith de na neacha léinn agus iad ag cur tús lena gcúrsaí léinn sna coláistí, nochtaigh tuairim agus 32.5% de chéimithe na gcoláistí beaga agus 41.8% de neacha léinn na gcoláistí móra nár tháinig feabhas mór ar a gcumas Gaeilge le linn dóibh a bheith sa choláiste.

Céard is féidir leis na coláistí iad féin a dhéanamh chun feabhas a chur ar an scéal?

9.2 Moltaí maidir leis na Coláistí Oideachais

- (a) Iniúchadh a dhéanamh ar na cúrsaí gairmiúla ach go háirithe féachaint an bhfeileann na modhanna teagaisc/seachadta teanga agus ábhar na gcúrsaí atá i bhfeidhm do neacha léinn atá ar bheaginniúlacht ar an teanga.
- (b) Cur go mór le líon na n-uaireanta léachtóireachta/teagaisc i ngach cúrsa Gaeilge, cés moite de na cúrsaí acadúla/céime, do na neacha léinn uile atá ag gabháil dóibh.
- (c) Dianchúrsaí feabhais a chur ar siúl do na neacha léinn is laige agus iad a bheith éigeantach.
- (d) Tinreamh maith ar na léachtaí/ranganna a éileamh.
- (e) Deimhin a dhéanamh de go bhfuil ar chumas lucht teagaisc na Gaeilge uile Gaeilge a mhúineadh go dtí an leibhéal is gá.

- (f) Ba cheart don Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus do Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais creidiúnú a aistarraingt ó choláiste ar bith nach bhfostaíonn cion sásúil de lucht teagaisc atá cuícháilithe chun an Ghaeilge a theagasc ar an tríú leibhéal agus/nó nach dtugann dóthain ama don teagasc le bunchaighdeán Gaeilge a chinntiú.
- (g) Grád B3 san Ardeistiméireacht a éileamh mar bhuncháilíocht iontrála.
- (h) Ábhair seachas Gaeilge agus Modhanna Múinte na Gaeilge a theagasc trí Ghaeilge.
- (i) Athbhreithniú a dhéanamh ar na córais mheasúnachta atá i bhfeidhm sna coláistí le cinntiú nach mbronnfar cáilíocht ag deireadh an chúrsa B.Oid. nó an chúrsa do chéimithe ar neacha léinn nach n-éiríonn leo caighdeán sásúil i nGaeilge a bhaint amach. Ba chóir go dtabharfaí áit lárnach don ghné seo i gcúrsaí measúnachta.
- (j) Na córais riaracháin agus fáiltithe sna coláistí go léir a dhéanamh níos báúla do neacha léinn ar mhian leo gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.
- (k) I gcás na gcoláistí beaga, Coláiste Eaglais na hÉireann, Coláiste Mhuire Marino agus Coláiste Froebel, iniúchadh a dhéanamh ar an gceangal atá acu le Roinn an Oideachais i gColáiste na Tríonóide féachaint an féidir socrú eile a dhéanamh a chuirfeadh ar a gcumas Oideachas nó cuid den ábhar sin a thairiscint trí Ghaeilge ar chostas níos lú fós.
- (l) I gcás Choláiste Mhuire gan Smál, iniúchadh a dhéanamh ar an gceangal atá aige le hOllscoil Luimní féachaint an gcuireann uailmhian na hollscoile maidir le líon na neach léinn a mhéadú isteach ar phríomhghnó an choláiste, i. múinteoirí bunscoile a oileadh.
- (m) Deis roghnach a thabhairt do na neacha léinn i ngach coláiste staidéar a dhéanamh ar an tumoideachas agus cleachtadh múinteoireachta a dhéanamh i scoil ina múintear trí mheán na Gaeilge.

9.3 An Cúrsa Gaeltachta

De réir rialachán na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, caithfidh gach neach léinn cúrsa trí seachtaine a dhéanamh sa Ghaeltacht mar dhlúthchuid dá gcúrsa oiliúna. Baineann tábhacht ar leith leis an gcúrsa Gaeltachta mar atá sé faoi láthair de bhrí gur mó an líon uaireanta an chloig teagmhála le Gaeilge ar an gcúrsa seo (90 uair) go mór ná líon na n-uaireanta ar an gcúrsa gairmiúil/proifisiúnta Gaeilge don bhliain/cúrsa acadúil iomlán sna coláistí i gcoitinne.

Go deimhin féin, dealraíonn sé go bhfuil coláiste amháin, Coláiste Hibernia, ag brath níos mó ar an gcúrsa Gaeltachta chun caighdeán Gaeilge a chuid neach léinn a fheabhsú ná ar aon mhodh seachadta/teagaisc eile dá chuid, óir deirtear ar a láithreán gréasáin:

“A course of study in the Irish language which includes online learning and onsite lectures in a Gaeltacht setting will be delivered which will ensure a fluency and proficiency in Irish.”

Is cosúil go bhfuil an-mhuinín ag Coláiste Hibernian as cumas agus fiúntas an chúrsa Gaeltachta i dtaca le cur chun cinn na Gaeilge i measc a chuid neach léinn.

Ar an lámh eile de, léiríonn na páirtithe leasmhara seanbhunaithe go léir míshástacht leis an gcúrsa/na cúrsaí Gaeltachta mar a reáchtálar faoi láthair iad. Dar leis an nGrúpa Oibre ar chúrsaí oiliúna bunmhúinteoirí, ba cheart go ndéanfaí athstruchtúrú ar na cúrsaí sna Gaeltachtaí agus iad a chur in oiriúint níos mó do riachtanais oideachais réamhsheirbhíse múinteoirí.

Maidir leis na hábhair mhúinteoirí, is dóigh leo de réir an tsuirbhé a rinneadh orthu, gur cuireadh na cúrsaí ar a bhfreastalaíonn siad le chéile do neacha léinn níos óige agus ní fheictear go bhfuil gaol idir na cúrsaí agus a gcuid riachtanas oideachais réamhsheirbhíse. Is leasc le roinnt mhaith díobh tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht agus ní dóigh leo go dtagann feabhas ar a gcuid Gaeilge le linn dóibh a bheith ann.

Léiríonn na coláistí Gaeltachta amhras maidir le freagracht neach léinn agus maidir lena bhfreastal ar ranganna. An aon ionadh é mura dtiocfadh feabhas ar Ghaeilge iad siúd nach ndéanann ach lagfhreastal ar ranganna agus a fhágann an láthair roimh chríoch an chúrsa.

Moltaí i dTaca leis na Coláistí Gaeltachta

- (a) Go ndéanfaí athstruchtúrú ó bhonn ar na cúrsaí, idir ábhar agus mhodhanna teagaisc, chun iad a chur in oiriúint do leibhéil inniúlachta éagsúla na neach léinn.
- (b) I gcás neach léinn a léiríonn leibhéal íseal inniúlachta fós ag deireadh na dara bliana, go mbeadh sé éigeantach orthu an dara cúrsa a dhéanamh agus go n-íocfaí dóibh na costais a ghabhfadh leis.
- (c) Go gcuirfeadh na coláistí oideachais léachtóirí ar fáil chun na cúrsaí a reáchtáil agus go ndeimhneoidís caighdeán an teagaisc agus freastal na neach léinn.

- (d) Go gcuirfí na cúrsaí ar siúl i nGaeltachtaí ina labhraíonn líon suntasach den phobal an Ghaeilge mar ghnáth-theanga.
- (e) Go n-eagrófaí na cúrsaí ina ranganna/ngrúpaí beaga le deiseanna cainte a thabhairt don uile neach léinn.
- (f) Go mbeadh an cúrsa Gaeltachta mar chuid bhunúsach den bhliain acadúil.
- (g) Go dtabharfaí deis do gach neach léinn réamhsheirbhíse, más áil leo, freastal ar chúrsa Gaeltachta sa dara bliain freisin agus go n-íocfaí as an gcúrsa breise sin dóibh.

9.4 An Ghaeilge sna Scoileanna

Ní thiocfaidh mórán feabhais faoi dheireadh ar an soláthar bunmhúinteoirí atá inniúil ar an nGaeilge a theagasc, ní hamháin sna scoileanna Gaeltachta agus sna Gaelscoileanna, ach sna scoileanna ina múintear trí mheán an Bhéarla chomh maith go dtí go gcuirfear feabhas ar theagasc na Gaeilge tríd an gcóras oideachais ar fad ón mbun go dtí an tríú leibhéal.

Aithnítear gur suarach go minic caighdeán labhartha Ghaeilge na bpáistí fiú tar éis ocht mbliana a bheith caite acu i mbunscoileanna. Ní hannamh a chloistear ó mhúinteoirí dara leibhéal go mbíonn orthu tosú ón tús ar an nGaeilge a theagasc agus go dtagann páistí isteach chucu nach bhfuil in ann na beannachtaí is simplí a fhreagairt ná fiú a aithint.

Moltaí maidir leis na Scoileanna

- (a) Cúrsaí Gaeilge d'ardchaighdeán atá saor in aisce a thairiscint d'oidí bunscoile agus meánscoile chun a gcuid Gaeilge labhartha a athnuachan nó a fheabhsú.
- (b) Eagraithe atá oilte agus cumasach i dteagasc na Gaeilge a fhostú chun na modhanna múinte i nGaeilge chumarsáideach a léiriú ionas go seachnófar an bhéim a chuirtear sna bunscoileanna faoi láthair ar léamh agus scríobh agus “líon na bearnaí”, rud atá forleathan.
- (c) Gan oidí a fhostú i ranganna príomhshrutha ar chor ar bith gan cháilíocht chuí Gaeilge agus gan oidí a fhostú go sealadach fiú amháin ach ar feadh tréimhse gearr ama in aon phost múinteoireachta eile.
- (d) Béim níos mó fós ar labhairt na Gaeilge agus ar Ghaeilge chumarsáideach sna hiarbhunscoileanna.

- (e) Cúrsaí dara leibhéal na Gaeilge i gcoitinne agus cúrsa na hArdteistiméireachta ach go háirithe a leasú ionas go mbainfidh na neacha léinn níos mó tairbhe agus taitnimh astu.
- (f) Scrúdú na hArdteistiméireachta a atheagrú ionas nach mbeidh marcanna móra á ndáileadh ar Ghaeilge labhartha lag agus gráid arda ar iarrachtaí scríofa nach fiú na marcanna arda iad.
- (g) Timpeallacht a chothú sna scoileanna a léiríonn bá don Ghaeilge agus meas uirthi. Chuige sin is gá dóthain téacsleabhar d'ardchaighdeán i nGaeilge agus tacábhair scríofa agus léirithe a chuireann an Ghaeilge i láthair go suntasach, go feiceálach agus go lárnach sa scoil.

9.5 Na Coláistí Gaeilge (Dara Leibhéal)

Is minic a mheastar na coláistí Gaeilge Gaeltachta faoina luach. Déanann na mílte neach léinn freastal orthu gach uile bhliain agus baineann idir thaitneamh agus tairbhe astu. Mar sin féin, agus cur chun cinn na Gaeilge i measc daltaí dhá bhliain déag go dtí leibhéal na hArdteistiméireachta faoi chaibidil, ní hannamh a léirítear nach dtuigtear an tábhacht a bhaineann leis an earnáil dheonach seo.

Is iomaí príomhoide bunscoile lánGhaelaí a chuirfeadh in iúl murach líon na gcúrsaí a bhí déanta ag baill a gcuid foirne scoile i gcoláistí Gaeilge, go mbeadh sé dodhéanta dóthain múinteoirí a earcú le cumas sách maith acu le teagasc trí Ghaeilge a thabhairt.

Dá bhrí sin, in éagmais caighdeán sách maith inniúlachta Gaeilge a bheith ag mórán neach léinn ar fhágáil na hiarbhunscoile dóibh, is ceart cúram ar leith a dhéanamh de na coláistí Gaeilge.

Is eol don saol mór (Gaelach!) go mbíonn an-difríocht go deo idir na coláistí éagsúla maidir lena gcaighdeáin teagaisc, a gcórais riaracháin agus an dul chun cinn sa Ghaeilge a dhéanann na daltaí iontu.

Moltaí i dtaca leis na Coláistí Gaeilge

- (a) Staidéar a dhéanamh ar na modhanna múinte, na háiseanna, an lucht teagaisc agus curaclaim na gcoláistí is fearr cleachtais d'fhonn teacht ar an ardcháilíocht is inmhianaithe san earnáil uile.
- (b) Cúrsaí oiliúna le haghaidh múinteoirí i gcoláistí Gaeilge a eagrú a bheadh bunaithe ar an staidéar sin.

- (c) Gan faomhadh a bhronnadh ar choláiste nach mbaineann caighdeán réasúnta inniúlachta amach.
- (d) Breis maoinithe a chur ar fáil
 - (i) a mheallfadh daltaí nach bhfuil ar chumas a dtuismitheoirí íoc astu go dtí seo;
 - (ii) a thabharfadh luach saothair réasúnta don lucht teagaisc;
 - (iii) a chúiteodh le mná tí Gaeltachta an dua is gá a chaitheamh le daltaí a choinneáil;
 - (iv) a sheachnódh líon rómhór daltaí a bheith in aon teach lóistín;
 - (v) a chuirfeadh ar chumas údaráis na gcoláistí foirgnimh agus áiseanna tarraingteacha a chur ar fáil.

9.6 An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Is minic a bhraitheann múinteoirí agus údaráis scoileanna lánGhaeilge ach go háirithe nach mór í bá na Roinne Oideachais agus Eolaíochta lena gcás agus go gcaitear go dona leo nuair a dhéanann siad iarracht ar bith gnó a dhéanamh le rannóg ar bith den Roinn sin trí Ghaeilge agus gur minic gur bac a chuirtear orthu in ionad na tacaíochta a mbeadh súil ag duine léi.

Moltaí maidir leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta

- (a) Foireann riaracháin agus freastail a bheith i ngach rannóg agus leibhéal den Roinn a bheadh in ann agus sásta gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.
- (b) Deiseanna fiúntacha foghlama Gaeilge a chur ar fáil do gach státseirbhíseach a mbeidh fonn air/uirthi feabhas a chur ar a c(h)uid Gaeilge agus fonn orthu úsáid a bhaint aisti.
- (c) An Ghaeilge a éileamh mar bhuncháilíocht i gceapacháin na státseirbhíse.
- (d) Na buncháilíochtaí go léir le haghaidh iontráil sna coláistí oideachais a ardú, go háirithe grád na Gaeilge.
- (e) Scrúdú/athscrúdú a dhéanamh ar éifeachtacht na gcoláistí oideachais a bhfuil faomhadh na Roinne acu faoi láthair.

AGUISÍN I

TAIGHDE AR AN nGAEILGE IN OILIÚINT
MHÚINTEOIRÍ BUNSCOILE

DON CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS
GAELTACHTA AGUS GAELSCOLAÍOCHTA

CEISTNEOIR DO NA COLÁISTÍ OIDEACHAIS

TAIGHDEOIR: NIALL Ó MURCHADHA

Cúrsa 2000- 2003

Coláiste Oideachais _____

Seoladh _____

Is iad na ranna seo a leanas ábhar na taighde seo:

CÚRSAÍ RIARACHÁIN.....	3
TEAGASC NA GAEILGE	7
FOIREANN TEAGAISC.....	10
LIOSTAÍ TÉACSANNA.....	11

A. IONTRÁIL 2000

(a) Ón Ardteistiméireacht

i. Cé mhéad neach léinn a glacadh?

ii. Líon na ngrád i nGaeilge a fuair siad san Ardteist:

C3

C2

C1

B3

B2

B1

A3

A2

A1

(b) Neacha Léinn Aibí

i. Cé mhéad díobh a glacadh?

ii. Líon na ngrád i nGaeilge a fuair siad san Ardteist:

C3

C2

C1

B3

B2

B1

A3

A2

A1

(c) Céimithe

i. An líon a glacadh

ii. Líon na ngrád i nGaeilge a fuair siad san Ardteist:

C3

C2

C1

B3

B2

B1

A3

A2

A1

B. AN GHAELIGE MAR ÁBHAR ACADÚIL

- (a) Cé mhéad neach léinn ar éirigh leo sa Ghaeilge i scrúdú na Chéad Bhliana?

- (b) De na neacha léinn ar theip orthu sa Ghaeilge i scrúdú na Chéad Bhliana (Bliain 2001) cé mhéad a raibh na gráid seo a leanas acu san Ardteist?

C3

C2

C1

B3

B2

B1

A3

A2

A1

- (c) Líon na neach léinn a roghnaigh an Ghaeilge mar ábhar acadúil don scrúdú céime?

- (d) Cé mhéad díobh sin ar éirigh leo i scrúdú na céime (Bliain 2003)?

- (e) Cé mhéad díobh ar theip orthu i scrúdú na céime (Bliain 2003) a raibh na gráid seo a leanas acu san Ardteist?

C3

C2

C1

B3

B2

B1

A3

A2

A1

C. GAELIGE FHEIDHMEACH/GHAIRMIÚIL

- (a) Cé mhéad neach léinn a thug faoi scrúdú Gaeilge an Dara Bliain?

- (b) Cé mhéad ar éirigh leo i scrúdú an Dara Bliain?

- (c) De na neacha léinn ar theip orthu i scrúdú Gaeilge an Dara Bliain (Bliain 2002), cé mhéad a fuair na gráid seo a leanas san Ardteist?

C3

C2

C1

B3

B2

B1

A3

A2

A1

- (d) Cé mhéad neach léinn a thug faoi scrúdú Gaeilge an Tríú Bliain?

- (e) Cé mhéad ar éirigh leo i scrúdú an Tríú Bliain?

- (f) De na neacha léinn ar theip orthu i scrúdú Gaeilge an Tríú Bliain (Bliain 2003), cé mhéad a fuair na gráid seo a leanas san Ardteist?

C3

C2

C1

B3

B2

B1

A3

A2

A1

D. AN GHAeilGE I RéIMSÍ EILE

(a) Cad iad na hábhair /cuid d'ábhair eile, más ann dóibh, a mhúintear trí Ghaeilge?

i. Céad Bhliain _____

ii. Dara Bliain _____

iii. Tríú Bliain _____

(b) Cé mhéad úsáide a bhaintear as an nGaeilge i gcúrsaí riaracháin?

(c) Cén úsáid a bhaintear as an nGaeilge mar mheán cumarsáide?

(d) An gcuirtear oiliúint sa tumoideachas Gaeilge?
Má chuirtear, cén sórt? _____

(e) Cén céatadán de na neacha léinn a rinne a gcuid cleachtadh múinteoireachta i scoileanna lánGhaeilge? %

(f) Má chuirtear oiliúint maidir le hábhair seachas Gaeilge a theagasc trí Ghaeilge, cad iad na hábhair sin?

E. TRÉIMHSÍ SA GHAELTACHT

(a) Eagraithe ag an gcoláiste?

Is ea ☉ Ní hea ☉

Murab ea, cé a d'eagraigh é?

(b) Fad na tréimhse?

(c) Cineál maoirseachta ón gcoláiste?

(d) Cé mhéad tréimhse atá i gceist?

Deireadh na chéad bhliana?

Is ea ☉ Ní hea ☉

Deireadh an dara bliain?

Is ea ☉ Ní hea ☉

F. TEAGASC NA GAEILGE DO NA HÁBHAIR OIDI

(a) Gaeilge Acadúil na Chéad Bhliana - Pas

i. Liosta na dtéacsanna (féach leathanach a 11)

ii. Líon na léachtaí sa bhliain acadúil

iii. Líon na ranganna Gaeilge labhartha

iv. Teagasc/Tionscnamh d'aon saghas eile sa Ghaeilge _____

(b) Gaeilge Acadúil na Chéad Bhliana - Onóracha

i. Liosta na dtéacsanna (féach leathanach a 11)

ii. Líon na léachtaí sa bhliain acadúil

iii. Líon na ranganna Gaeilge labhartha

iv. Teagasc/Tionscnamh d'aon saghas eile sa Ghaeilge _____

(c) Gaeilge Acadúil an Dara Bliain - Pas

i. Liosta na dtéacsanna (féach leathanach a 12)

ii. Líon na léachtaí sa bhliain acadúil

iii. Líon na ranganna Gaeilge labhartha

iv. Teagasc/Tionscnamh d'aon saghas eile sa Ghaeilge _____

(d) Gaeilge Acadúil an Dara Bliain - Onóracha

i. Liosta na dtéacsanna (féach leathanach a 12)

ii. Líon na léachtaí sa bhliain acadúil

iii. Líon na ranganna Gaeilge labhartha

iv. Teagasc/Tionscnamh d'aon saghas eile sa Ghaeilge _____

(e) Gaeilge Fheidhmeach an Dara Bliain

- i. Liosta na dtéacsanna (féach leathanach a 13)
- ii. Líon na léachtaí sa bhliain acadúil
- iii. Líon na ranganna Gaeilge labhartha
- iv. Teagasc/Tionscnamh d'aon saghas eile sa Ghaeilge _____

(f) Gaeilge Acadúil an Tríú Bliain - Pas

- i. Liosta na dtéacsanna (féach leathanach a 13)
- ii. Líon na léachtaí sa bhliain acadúil
- iii. Líon na ranganna Gaeilge labhartha
- iv. Teagasc/Tionscnamh d'aon saghas eile sa Ghaeilge _____

(g) Gaeilge Acadúil an Tríú Bliain - Onóracha

- i. Liosta na dtéacsanna (féach leathanach a 14)
- ii. Líon na léachtaí sa bhliain acadúil
- iii. Líon na ranganna Gaeilge labhartha
- iv. Teagasc/Tionscnamh d'aon saghas eile sa Ghaeilge _____

(h) Gaeilge Fheidhmeach an Tríú Bliain

- i. Liosta na dtéacsanna (féach leathanach a 14)
- ii. Líon na léachtaí sa bhliain acadúil
- iii. Líon na ranganna Gaeilge labhartha
- iv. Teagasc/Tionscnamh d'aon saghas eile sa Ghaeilge _____

(i) Cúrsa na gCéimithe

i. Liosta na dtéacsanna (féach leathanach a 15)

ii. Líon na léachtaí le linn an chúrsa

iii. Líon na ranganna Gaeilge labhartha

iv. Teagasc/Tionscnamh d'aon saghas eile sa Ghaeilge _____

Foireann Teagaisc

G. FOIREANN TEAGAISC I ROINN NA GAEILGE AGUS A GCÁILÍOCHTAÍ I NGAEILGE

H. TUAIRIM AN LUCHT TEAGAISC MAIDIR LE HOIRIÚNACHT NA BUNCHÁILÍOCHTA GAEILGE (C3) MAR BHUNÚS DO NA CÚRSAÍ GAEILGE

(a) An leor é mar bhuncháilíocht sa Ghaeilge?

Is leor ☉ Ní leor ☉

(b) Cén t-íosghrád a mholfaí mar bhuncháilíocht?

C3	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	C2	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	C1	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
B3	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	B2	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	B1	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
A3	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	A2	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	A1	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

(c) Cad iad na deacrachtaí is mó a bhíonn ag na neacha léinn agus iad ag plé leis na cúrsaí Gaeilge?

i. Acadúla _____

ii. Feidhmeacha _____

(d) An molfá go mbeadh agallamh mar chuid den phróiseas iontrála mar a bhíonn ag na Céimithe?

Mholfainn ☉ Ní mholfainn ☉

LIOSTA NA DTÁBLAÍ

- Tábla 1 Bunaithe ar fhigiúirí a chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar fáil agus a thugann an céatadán de na Gráid éagsúla a bronnadh i Scrúdú na hArdteistiméireachta Gaeilge Ardleibhéal ó 1993 go 2002.
- Tábla 2 Íoslíon na bpointí ba ghá le haghaidh iontráil sna coláistí oideachais 1998-1999.
- Tábla 3 Líon na nUaireanta Léachtóireachta/Teagaisc le linn na dtrí bliana den chúrsa B.Oid.
- Tábla 4 An céatadán den am a thugtar d'ábhair acadúla sa chlár B.Oid.
- Tábla 5 Líon na neach léinn a glacadh in 1999
- Tábla 6 Líon na ngrád i nGaeilge a fuair na neacha léinn sin san Ardteist mar chéatadán den líon iomlán a glacadh sa bhliain 1999
- Tábla 7 (a) Líon na neach léinn aibí a glacadh
(b) Líon na ngrád i nGaeilge a fuair siad
- Tábla 8 Líon na n-uaireanta a thugtar do Ghaeilge Acadúil
- Tábla 9 Líon na n-uaireanta a tugadh do Ghaeilge Ghairmiúil - cúrsa dár tús 2000
- Tábla 10 Cúrsa na gCéimithe: líon na n-uaireanta a thugtar do léachtaí agus ranganna labhartha
- Tábla 11 Tréimhse/í sa Ghaeltacht: fad na tréimhse agus an bhliain/na blianta.
- Tábla 12 An cineál maoirseachta a dhéanann an coláiste oideachais ar an gcúrsa Gaeltachta
- Tábla 13 Freagraí ar na ceistanna: An leor mar bhuncháilíocht sa Ghaeilge é grád C3? agus Cén t-íosghrád a mholfá?
- Tábla 14 Freagra ar an gceist 'An molfá go mbeadh agallamh mar chuid den phróiseas iontrála mar a bhíonn ag na Céimithe
- Tábla 15 Na hábhair nó cuid/codanna d'ábhair a mhúintear trí Ghaeilge

Tábla 16 (a) An méid úsáide a bhaintear as an nGaeilge i gcúrsaí riaracháin.

(b) An úsáid a bhaintear as an nGaeilge mar mheán cumarsáide

Tábla 17 (a) An gcuirtear oiliúint sa tumoideachas Gaeilge?

(b) An céatadán de na neacha léinn a rinne a gcuid cleachtadh múinteoireachta i scoileanna lánGhaeilge?

FOINSÍ A CEADAÍODH

- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (2000). *Iontráil ar Chúrsa Oiliúna Bunmhúinteoireachta sna Coláistí Oideachais*. Baile Átha Cliath.
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Imlitir 25/00. Baile Átha Cliath
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (2002). *Preparing Teachers for the 21st Century*. Baile Átha Cliath. Oifig an tSoláthair.
- Coláiste Mhuire gan Smál Ollscoil Luimnigh. Leabhrán eolais *Prospectus 2003 – 2004*. Luimneach.
- Coláiste Phádraig. *Leabhrán Eolais na Mac Léinn*. Baile Átha Cliath.
- Coláiste Phádraig. Leabhrán Eolais - *An Chéim Baitsiléir Oideachais 03/04*. Baile Átha Cliath.
- Coláiste Phádraig. Leabhrán Eolais - *An Chéim M.Oid*. Baile Átha Cliath.
- Coláiste Phádraig. Leabhrán Eolais – *B.A sa Léann Daonna*. Baile Átha Cliath.
- Froebel College of Education. Bileog eolais. *The Degree of Bachelor in Education*. Baile Átha Cliath.
- Froebel College of Education. Leabhrán eolais. Higher diploma in education. Baile Átha Cliath.
- Máirtín, C. (1999) Student Perceptions of the B.Ed programme. Gan bheith foilsithe. Luaite in *Preparing Teachers for the 21st Century*.